



AN GARDA SÍOCHÁNA
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2018



BUAICPHOINTÍ NA BLIANA



1,183

ball nua tagtha
isteach san fhórsa

12,717

ball de chuid an
Gharda a cuireadh
oilíúint orthu faoin
gCód Eitice faoi
dheireadh na bliana

258

ball fillte ar ais chuig
an líne tosaigh ó
dhualgais riaracháin

6,500

ball a d'fhreagair an
tlniúchadh Cultúrtha

SRACFHÉACHAINT AR AN NGARDA SÍOCHÁNA

Bliain dhúshlánach eile a bhí ann don Gharda Síochána in 2018, ach ba bhliain dhearfach a bhí ann ag an am céanna. Is féidir leis an nGarda Síochána súil siar a thabhairt agus a bheith bródúil as a ról féin ní hamháin maidir le sábháilteacht an phobail a chinntiú ar fud na tíre sa bhliain a chuaigh thart, ach maidir leis an ról tábhachtach a bhí ag an eagraíocht go stairiúil agus a leanann ar aghaidh gach lá ag coimeád an pobal slán sábháilte.

Cé go raibh deacrachtaí móra ag an nGarda Síochána le deich mbliana anuas, tá infheistíocht nach beag ón Rialtas sa tséirbhís agus athruithe breise le feiceáil inti i mbliana. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag déanamh rudaí ar bhealach difriúil. Tá sé sin léirithe go maith sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Cuireadh ar fáil í le hionchur ón Údarás Póilíneachta, agus tá leagtha amach go soiléir inti cad iad na spriocanna a bhaineamar amach, cad iad na cinn atá bainte amach go páirteach againn, agus cad iad na cinn nár éirigh linn baint amach. Maidir leis na cinn nár éirigh linn ár n-aidhmeanna a bhaint amach go hiomlán, rachaimid i ngleic leo faoinár bPlean Póilíneachta 2019.

Clár Ábhar

Buaicphointí na bliana	i
Sracfhéachaint ar an nGarda Síochána	1
Réamhrá an Choimisinéara	2
Léargas Ginearálta ar an bPlean Póilíneachta	4
An Phóilíneacht Náisiúnta	6
An tSlándáil Náisiúnta & an Fhaisnéis	14
Sábháilteacht Phobail	18
Seirbhísí Traseagraíochta	26
Staidrimh	42

416

airm tine gafa

€28m

drugaí arna urghabhadh ag an mBiúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (DOCB)

11%

laghdú i líon na mbuirgléireachtaí

89%

Muinín an phobail sa Gharda Síochána i Ráithe 4

RÉAMHRÁ AN CHOIMISINÉARA



“Mar a dúirt an tUas. Breitheamh Charleton, ní hé an Garda Síochána arbh leis an dualgas is mó atá orainn, is leis an tsochaí atá an dualgas sin.”

Ba bhliain dhúshlánach eile í 2018 don Gharda Síochána, ach ba bhliain dhearfach í, sa deireadh thiar thall.

I gcás go leor de na rudaí dearfacha, tá moladh ag dul don Choimisinéir Gníomhach Dónall Ó Cualáin a chuaigh ar scor tar éis dó 35 bliain den sheirbhís thiomanta a chur isteach. Tá an díograis agus an díongbháilteacht ata le bhrath i gcomhaltaí, foirne agus cúlchistí an Gharda Síochána chun daoine a choinneáil sábháilte imithe i gcion go mór orm ón am ar tháinig mé faoi mhionn an Gharda Síochána agus a ndearnadh mé i mo Choimisinéir, i mí Mheán Fómhair 2018. Tá an obair iontach atá déanta acu le feiceáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Idir urghabhálacha suntasacha drugaí, laghdúithe leanúnacha i líon na mbuirgléireachtaí, agus tionscnaimh chun oiliúint a chur ar dhaoine maidir le conas iad féin a chosaint ón gcoireacht agus an teagmháil dhearfach laethúil a dhéantar le pobail ar fud na tíre. Tá torthaí na hoibre iontach seo léirithe i Suirbhé an Gharda um Dhearcadh an Phobail. Nochtadh ann go raibh an ráta íospairt tar éis titim síos go 4.5% faoi dheireadh 2018 - an leibhéal is ísle ó 2015; níor chreid ach 16% de dhaoine gur fadhb mhór í an choireacht áitiúil; Bhí 80% sásta le seirbhís an Gharda ina bpobal féin, agus bhí 89% muiníneach as an nGarda Síochána. Is beag seirbhísí póilíneachta ar fud an domhain is féidir é sin uile a rá fúithi.

Ina theannta sin, in 2018 bhí an líon is ísle riamh de bhásanna ar bhóithre ann. Bás amháin fiú ar na bóithre, tá sé iomarcach, ach éacht suntasach a bhí i gceist leis an toradh sin.

Is é an dúshlán atá ann anois ná go n-oibreoidh an Garda Síochána, ár gcomhpháirtithe sábháilteachta ar bhóithre, agus an pobal as lámha a chéile chun básanna bóthair a laghdú níos mó fiú.

Bhí an ról ríthábhachtach atá ag an nGarda Síochána maidir leis an Stát a choimeád slán le feiceáil freisin sna hurghabhálacha móra armra a rinneadh lenár laghdaíodh an cumas atá ag grúpaí easaontachta, sna ciontuitha a rinneadh i leith cionta sceimhlitheoireachta, agus sna hullmhúcháin mhórsála a rinneadh le heachtraí sceimhlitheoireachta féideartha. Ní bheif in ann obair dá leithéid a dhéanamh gan dlúthchomhar agus comhroinnt faisnéise lenár gcomhpháirtithe forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta ar fud an domhain, ach go háirithe le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI).

Rinneadh cuid mhór oibre i gcomhar leis an PSNI agus le comhpháirtithe eile um fhorfheidhmiú an dlí chun an tionchar féideartha ar phóilíneacht agus ar shlándáil ó Brexit a scrúdú agus a mhaolú. Bhí go leor forbairtí dearfacha ann ó thaobh na heagraíochta de. Ina measc sin, áirítear:

- Tháinig breis agus 1,000 duine isteach sa Gharda Síochána, agus tugadh scileanna agus saineolas nua isteach san eagraíocht leo, agus cuireann sé sin le cé chomh infheicthe is atáimid i measc pobal.
- Anuas air sin, cuireadh 250 ball den Gharda Síochána a bhí ag obair i ról riaracháin leis an líon atá ag feidhmiú sa líne tosaigh.

Réamhrá an Choimisinéara - ar lean

- Cuireadh leis na líon oifigigh sna céimeanna maoirseachta, go háirithe ag na céimeanna Sáirsint agus Cigire.
- Seachadadh an clár oiliúna is mó riamh a rinne an eagraíocht chun an Cód Eitice a dhaingniú.
- Rinneadh athchóiriú ar stáisiúin agus osclaíodh an fhoirgneamh úrscothach nua Cheanncheathrú Réigiúnach na Gaillimhe agus Ceanncheathrú Rannáin Shráid Chaoimhín.

Ar ndóigh, bhí dúshláin ann. Eagraíocht atá ag fás is í an Garda Síochána, bíonn a mball ag feighmiú i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa agus bíonn treochothaí nua coireachta ag teacht chun cinn i gcónaí. Ina theannta sin, táimid ag cur athruithe suntasacha i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfuil an eagraíocht struchtúrtha agus ag feidhmiú, agus ar na córais, na daoine agus na próisis TF riachtanacha chun tacú leis na hathruithe sin go rathúil. Fágann sé sin go bhfuil an eagraíocht faoi bhrú i roinnt réimsí mar shampla an chóiríocht, an acmhainn oiliúna, acmhainní oílte a thabhairt isteach, agus córais nua TFC a thabhairt isteach. Mar thoradh ar na fadhbanna seo, cuid na spriocanna sa Phlean Póilíneachta, níor baineadh amach iad ach amháin go páirteach, nó níor baineadh amach iad ar chor ar bith, fiú, in 2018. Thosaíomar ag dul i ngleic leis na saincheisteanna seo in 2018 agus leanfar ar aghaidh leis in 2019. Bhí sé de chuidiú don obair sin go bhfoilsíodh trí thuarascáil an-tábhachtach a bhaineann le thodhchaí an Gharda Síochána i rith na bliana - Iníúchadh Cultúrtha an Gharda Síochána, an Tríú Tuarascáil Eatramhach den tUas Breitheamh Charleton, agus an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Suirbhéireacht shuntasach a bhí san Iníúchadh Chultúrtha ar phearsanra an Gharda Síochána agus thug breis agus 6,500 freagra air. Léirítear sa leibhéal freagartha seo an chaoi a motháíonn ár muintir faoinár gcultúr, faoina gnéithe dearfacha de agus faoin gcaoi ar féidir feabhas a chur leis. Tá na torthaí ón Iníúchadh Cultúrtha á n-úsáid chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ár bpearsanra, mar shampla éide an Gharda Síochána, nósanna imeachta smachta, an próiseas um ardú céime, agus an cumarsáid feabhsaithe idir gach na céimeanna agus grádanna uile. Ina thuarascáil, fuair an Breitheamh Onórach Peter Charleton a lán lochtanna agus teipeanna móra ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an eagraíocht. Cé gur mhol an tUas Breitheamh Charleton go leor pearsanra de chuid an Gharda Síochána ina chuid tuarascála as a dtiomantas don tseirbhís phoiblí, luaigh sé nithe nár chomhlíon an Garda Síochána na caighdeáin arda a lena mbíonn an pobal ag súil, agus lenar ceart go mbeadh siad ag súil. Ní féidir leis seo leanúint ar aghaidh, agus ní dhéanfaidh. Mar a dúirt an tUas Breitheamh Charleton, ní hé an Garda Síochána arbh leis an dualgas is mó atá orainn, is leis an tsochaí atá an dualgas sin.

Go bunúsach, baineann sé lenár gcultúr agus lenár n-iompraíocht. Chuir mé béim ar an chéad lá dom a bheith i mo Choimisinéir an tábhacht a bhaineann leis go gcomhlíonann gach uile bhall de chuid an Gharda Síochána a gcuid dualgas go gairmiúil agus go heiticiúil chun seirbhís póilíneachta agus slándála a chur ar fáil lena dtugtar cosaint do mhuintir na hÉireann, go háirithe do dhaoine leochaileacha. Is éard atá sa Choimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn ná treochlár don Gharda Síochána chun a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil. Leis an bplean forfheidhmithe do thuarascáil an Choimisiúin bainfead feabhas sonrach amach, mar shampla:

- Níos mó Gardaí ag obair ar an líne tosaigh.
- Gardaí atá ag obair ag an uair agus an láthair a bhfuil siad ag teastáil.
- Bainistiú digiteach ar imscrúduithe.
- Seirbhísí póilíneachta dírithe ar an bpobal a fhreastalaíonn ar riachtanais áitiúla.
- Imscrúduithe níos fearr ar an fhoréigin teaghligh agus ghnéasaigh ag leibhéal áitiúil.
- Fócas níos fearr ar chearta an duine maidir le soláthar na póilíneachta.

Is údar sásaimh dom freisin gur aithníodh i dtuarascáil an Choimisiúin nach é an Garda Síochána amháin atá freagrach as ceisteanna póilíneachta. Mar a bhí béim leagtha air sa tuarascáil, tá gá le freagairtí comhghníomhaireachta ar raon saincheisteanna dála na coireachta óige, an atitimeachais, an mhí-úsáid leanaí agus na gáinneála ar dhaoine. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le comhghleacaithe i raon gníomhaireachtaí agus ranna Stáit chun na freagraí sin a sheachadadh. Ar ndóigh, táimid ag comhoibriú cheana féin le raon comhlachtaí maoirseachta ar nós an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais, an tÚdarás Póilíneachta, Coiste Ceartais an Oireachtais, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, agus Chigireacht an Gharda Síochána, chomh maith le raon leathan de Ghníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an obair atá déanta aga linn i spiorad comhpháirtíochta. Is é príomhfhéidhm an Gharda Síochána daoine a choinneáil sábháilte. Ba chóir é seo a dhéanamh trí sheirbhís póilíneachta agus slándála éifeachtúil, éifeachtach agus eiticiúil a chur ar fáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo na sprice seo in 2018 agus táim sásta go bhfeicfead tuilleadh feabhsuithe sa tseirbhís a chuirimid ar fáil don phobal agus don Stát in 2019.

Drew Harris
Coimisinéir an Gharda Síochána

LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN BPLEAN PÓILÍNEACHTA 2018

Sracfhéachaint ar an dul chun cinn

Bainte amach

1b	Samhail Oibríocháin Acmhainní Daonna
2a	Earcaigh 800 Garda
5	Bainistiú Uainchláir agus Dualgais
6	Láithreoirí Cúirte
9b	PALF (Sprioc Cáilíochta Sonraí)
12a	Oifigeach / Aonad DP a Cheapadh
13	Aicmiú Iáraithe Inc
15a	PULSE Inc. Taifeadadh (Próiseas)
15b	PULSE Inc. Rec. (Monatóireacht)
15c	Drochúsáid Teaghlaigh PULSE
15d	Teagmhais 'Braite' PULSE
17a	Saincheisteanna um Iniúchadh Aitheantais Chultúrtha
18c	Polasaí um Bronntanais agus Fáilteachas
20	Mairtís Úinéireachta Polasaithe
21	Cigireacht agus Athbhreithniú TF
23a	Cláir Riosca
23b	Sonraí Riosca a Roinnt
24	Na hAchtanna um Sceimhlitheoireacht a Chosc
26a	Oiliúint in 8 Réigiún MEM
26b	Tascfhórsa um Pleanáil Éigeandála
27b	Ceannais Teagmhais Chriticiúil & Airm Tine
28	Fórim Shlándála Idirnáisiúnta
29a	Roinnt na faisnéise faoi Schengen
29c	Sonraí Inimirce Soghluaiste
29d	Réamhfhaisnéis do Phaisinéirí
30	Timpeallacht Slándála Scanadh
32	An Deasc Cibearshlándála Náisiúnta
33	An tAcht um CC (Íospartaigh na Coireachta) 2017
35a	Rann. Aonaid Seirbhísí Cosanta
35c	Ceardlanna SORAM a éascú
36b	Cionta Gnéas a Thuairisciú / a Bhrath
37a	Idirghabhálacha Mí-Úsáide Baile
37b	Tuairisciú ar an Drochúsáid Teaghlaigh
37c	Athghlaonna um an Drochúsáid Teaghlaigh

Bainte amach - ar leanúint

38a	Oiliúint faoin nGáinneáil ar Dhaoine
38b	Íospartaigh THB a shainithint
39a	Sealbhú / Soláthar Pornagrafaíocht Leanaí
39b	Íospartaigh Drochúsáide Ghnéasaí Leanaí
40a	Ráiteas maidir leis an gCosaint
40b	Tús Áite do Leanaí uathobrithe PULSE
40c	NCCIS PULSE/TUSLA a chomhtháthú
42b	Leibhéal Teagmhais a Choimeád (An Bhuirgléireacht)
44c	Feachtas um Chosc Calaoise
44d	Frith-Chaimiléireacht & Frith-Bhreabaireacht
44e	Comhdháil maidir le Caimiléireacht / Breabaireacht Líne Fóin
44f	Méadú ar an Sciúradh Airgid
45a	Tuairiscí don PA ar OCGanna in aghaidh na Ráithe
45d	Méadú an Líon Braite (Airm Tine)
45e	Barántais Ghabhála Eorpacha curtha ar ceal
46	Tuairisciú na Rátaí Braite
50	Plean Oibríochtaí um an Póilíníú Bóithre
52	Sábháilteacht ar Bhóithre Náisiúnta Strait. na Meáin
54a	Limistéir Deighilte Geografaí CP
56a	Láithreán Gréasáin nua an Gharda Síochána
56b	Rannpháirtíocht sna Meáin Shóisialta
59b	Oiliúint san Éagsúlacht
60	Moltaí J-ARC
61	Forfheidhmiú SAOR
62a	Plean Gníomhaíochta Athstiúrtha Óige
62b	An Plean a Chur i bhFeidhm (féach 62a)

Le haghaidh sonraí iomlána faoi sheachadadh tionscnamh aonair i bPlean Póilíneachta 2018, tabhair cuairt ar www.garda.ie

Léargas Ginearálta ar Phlean Póilíneachta 2018 - ar lean

Bainte amach go páirteach

1a	An Straitéis Acmhainní Daonna
2b	500 Ball Foirne a Earcú
3	Ath-shannadh Gardaí
4	Múnla Póilíneachta Rannach
7	Seolta Ríomhchuidithe
8	Córas Bainistíochta Imscrúdaithe
9a	PALF (Athbhreithnithe Aonair)
11	Ceap an Príomhoifigeach Sonraí
12b	Plean Measúnaithe Tionchair DP
16	Bainistíocht Ábhair Fiontraíochta
18a	Straitéis Eitice
18b	Céim 1 den Oiliúint Eitice
19	Pleanáil Straitéiseach Todhchaíoch
25	Faisnéis Airgeadais le A/C S&I
27a	Nósanna Imeachta Speisialta um Airm Tine
29b	Malartú Faisnéise Prüm
31c	Scrúdú Ríomhaireachta Fóirínseach
35b	Meas. Riosca Mí-úsáid Teaghligh/Coireachta Gnéas
45b	Mairís a Fhorb. chun OCGanna a mheas
47	Feidhm Fheabhsaithe GoAML
48	Plean Gníomhaíochta Crowe Horwath
49a	Aonaid Phóilínithe Bóithre Rannáin
49b	Pearsanra Póilínithe Bóithre

Níor baineadh amach fós

2c	500 Comhalta Cúltaca an Gharda a Earcú
10	Cuireadh Tús le hOiliúint CBFF
14	Leibhéil Seirbhíse GISC
17b	Straitéis Iniúchta Chultúrtha
22	Costáil an Phlean Póilíneachta
23c	Creat Dearbhaithe Rialachais
31a	Feidhm Faisnéise an GCCB
31b	Aonaid Chibear-Scrúdú Fóirínseach

Níor baineadh amach fós - ar lean

34a	An Coireacht Fuatha a Shainmhíniú
34b	Gnás chun an Choir Fuath a Thaifeadadh
34c	Tuairisciú Feachtas Coire Fuath
36a	Athbhreithniú ar Dhúnbhású Baile
36c	Idirghabhálacha Mí-Úsáide Baile
41a	Gnásanna an Oifigigh um Chosc ar Choireacht
41b	Iarratas Soghluaiste ar Chosc ar Choireacht
42a	Ráta Braite a Choimeád (Ionsaí)
42c	Ráta Braite a Choimeád (An Bhuirgléireacht)
42d	Leibhéal Teagmhais a Choimeád (Robáil)
42e	Ráta Braite a Choimeád (Robáil)
43	Leibhéal Teagmhais a Laghdú (Ionsaí)
44a	Idirchaidreamh Réigiúnach GNECB
44b	Oifig Náis. um Chosc ar Chialaois
45c	Brath a Mhádú (S/S Rialú Drugaí)
51	Seicphointí Ilghníomhaireachta
53a	Príomhchionta Tarrthála
53b	Laghdú ar Bhásanna Bóthair
53c	Laghdú ar Dhíobhálacha Tromchúiseacha
54b	Plean Leithdháilte Pearsanra COMPOL
55a	Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána
55b	Comhtháthú Chúltaca an Gharda Síochána
57	Cosc ar an gCoireacht (Daoine Leochaileacha)
58a	Plean chun Grúpaí Éagsúla a mhealladh
58b	Plean Feidhmithe (féach 59a)
58c	Bacainní ID ar Ghrúpaí Éagsúla
59a	Straitéis um an Éagsúlacht & an Cuimsitheacht
63	Bainistíocht Mórimeachtaí Athbhreithniú

AN PHÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

AONAD AERTHACAÍOCHTA
AN GHARDA SÍOCHÁNA1,296 UAIR AN
CHLOIG

1,433 EITILT

1,969 TEAGMHAIS
FREASTALAITHE43 ATHSHLÁNAITHE
FHEITHICIL15 DUINE AR
IARRAIDH
AIMSITHE

165 AMHRASTACH

€ 28,158,570

DRUG GAFA AG AN DOCB

23

AIRM TINE
GAFA

13

FEALLMHARÚ
STADTAAIMSÍODH CEITHRE CINN
IS FICHE D'FHEITHICÍ,
INNIL AGUS CARBHÁIN

€ 1,679,000

AR LUACH



4,779

LÍON NA
NDAOINE AR
DIÚLTÁIODH IAD

“Oibríonn Gardaí ar shlite éagsúla le coireacht a throid agus chun díriú air ar fud na tíre. Tá ról tábhachtach ag aonaid ar leith, leithéidí, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (GNECB) agus an Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (DOCB) chun sábháilteacht pobal a chinntiú ar fud na tíre.”

An tAonad Náisiúnta Faisnéise Coireachta
(NCIU)

Nascann an NCIU go díreach le haonaid imscrúdaithe náisiúnta agus áitiúla chun grúpaí coireachta eagraithe ar fud an Stáit a shainnint, a bhriseadh agus a dhíchóimeáil, ag cur ilshraitheanna faisnéise le chéile chun an pictiúr faisnéise a fheabhsú.

Oifig an Oifigigh Náisiúnta um Fhaisnéis
Choiriúil (NCIO)

Déanann an NCIO idirchaidreamh le hOifigigh Faisnéise Coiriúla eile laistigh den Gharda Síochána agus soláthraíonn sé bealach cumarsáide dóibh chun a chinntiú go dtugtar fógra láithreach faoi fhaisnéis agus faisnéis faoi eachtraí. Is é an NCIO an pointe teagmhála aonair d'Oifigigh Faisnéise Coiriúla agus Gardaí eile laistigh den rannóg Slándála agus Faisnéise i ngach ábhar neamh-threascrach faisnéise.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Biúró Náisiúnta an Gharda um Dhrugaí & Coireacht Eagraithe (GNDOCB)

Achoimre ar Urghabhálacha ag GNDOCB in 2018

Catagóir	2018	Iomlán ó shin Márta 2015
Drugáí Aindleathacha	€28,158,570	€146,958,010
Airm Tine	23 agus 122 urchar lóin	91 Arm Tine & 3016 urchar armlóin
Airgead Tirim	€2,796,073	€8,317,583
Gabhálacha maidir leis an ngáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid, seilbh arm tine agus cionta comhchineáil	191	518
Oibríochtaí arna Bagairt ar an Saol	13	59*

* lena n-áirítear gabhálacha SCTF.

* cuimsítear leo urghabhálacha um dhrugaí agus gabhálacha ó oibríochtaí Seachadta Rialaithe a rinneadh i gcomhar leis an tSeirbhís Custaim & Ioncaim.

* 59 Bagairt ar Oibríochtaí arna Bagairt ar an Saol ó tharla dúnmharú David Byrne ag an Regency Hotel an 5 Feabhra 2016.


The statistics provided relate only to operations conducted involving the Garda National Drugs & Organised Crime Bureau. The statistics do not include seizures by drugs units and Divisions across the country.

Oibríocht Thor

Ón am ar cuireadh tús lenár n-oibríocht frith-bhuirgléireachta náisiúnta, Operation Thor, i mí na Samhna 2015 go dtí an 31 Nollaig 2018, mar thoradh air, fágadh go ndearnadh:

 **9,200** gabháil
177,460 seicphointe

41,588 (-35%)
Teagmhas Buirgléireachta
Cónaithe

 **15,481 (-23%)**
Teagmhas Buirgléireachta
Neamh-Chónaithe

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB)

Daoine ar Iarraidh - Oibríocht Runabay

Sheol an tAonad um Dhaoine ar Iarraidh Oibríocht Runabay i mí Eanáir 2017 agus leanadh leis an oibríocht sin in 2018. Is é an cuspóir atá léi ná corpáin daoine atá aimsithe i gceantar cois cósta thiar na Breataine Móire a aithint más rud go bhfuil seans ann go raibh siad in easnamh in Éirinn. Taobh thiar d'Oibríocht Runabay, tá idirchaidreamh leanúnach idir an Garda Síochána, Gníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht na Ríochta Aontaithe agus Póilíní na Breataine Bige, chomh maith le Constábachtaí eile sa Ríocht Aontaithe.

Ón am ar bunaíodh Operation Runabay, tá deichniúr daoine ar iarraidh tar éis a bheith sainaitheanta, ag baint úsáide as an anailís chomparáideach le DNA teaghlaigh. Rinneadh roinnt cásanna maidir le daoine ar iarraidh stairiúla a réiteach, go háirithe cás inar tuairiscíodh duine ar iarraidh thart ar mhí Dheireadh Fómhair 1985.

Tar éis imscrúdaithe dhá bhliain a rinne an tAonad um Dhaoine ar Iarraidh le cúnaimh ó theaghlach an duine a bhí ar iarraidh agus ó Phóilíneacht na Breataine Bige, baineadh úsáid as DNA teaghlaigh chun corp a dí-adhlacadh ó reilig i gCathair na Gaillimhe a aithint. Cuireadh corp an duine marbh ar ais chuig a theaghlach i mí Lúnasa 2018.

Daoine ar Iarraidh

Líon na dtuairiscí ar dhaoine ar iarraidh* 9,808

Líon na daoine ar iarraidh ag deireadh na bliana 54

* An 25 Aibreán 2018 go dtí an 25 Aibreán 2019.

Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin

Chuaigh sé Aonad nua de chuid Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin (DPSUanna) beo i sé Rannán de chuid an Gharda Síochána sa chéad seachtain d'Eanáir 2019 - RCBÁC Lár Theas, Ciarraí, Cill Chainnigh, Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach.

Cuireadh an méid sin thuas leis na haonaid a bhí ann cheana féin i RCBÁC Thiar, i gCluain Dolcáin, i Lú agus i gCathair Chorcaí, agus fágadh dár bharr gur bh ionann líon na RCSanna agus 10.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Operation Ketch

Is oibríocht faoi threoir faisnéise í Oibríocht Ketch a dhíríonn go réamhghníomhach ar dhaoine a bhfuil drochamhras fúthu a bhfuil ábhar mí-úsáide leanaí acu, agus a iompórtálann agus a dháileann iad ar an Idirlíon.

D'ionchorpraíodh leis an oibríocht aon-bhlíana seo, a chomhordaigh an tAonad um Shaothrú Leanaí Ar Líne (ONCE) ag GNPSB í, 137 cuardach le barántas san iomlán agus aithníodh 137 sprioc tríthi.

Aonad Aitheantais Íospartach

Le linn 2018, d'aithin Aonad Aitheantais Íospartach GNPSB 56 leanbh a bhí ag ina n-íospartach de shaothrú ar líne.

Líne Tuairiscithe um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí (CSAR)

In 2018, rinneadh 76 glao ar líne CSAR. Is uimhir shaorghlao é líne CSAR - 1800 555 222 - chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a thuairisciú. Is bealach tábhachtach é an líne ghutháin a bunaíodh in 2017 do dhaoine nach bhfuil in ann mí-úsáidí den sórt sin a thuairisciú dá stáisiún áitiúil Gardaí.

Gáinneáil ar Dhaoine

In 2018, aithníodh 64 íospartach den gháinneáil ar dhaoine, agus in 2017, aithníodh 51 íospartach den gháinneáil ar dhaoine. Is ionann seo agus méadú 25 faoin gcéad ar líon iomlán na n-íospartach de gháinneáil ar dhaoine a aithníodh ó 2017 go 2018.

Maidir le cionta gáinneála ar dhaoine, níl coireanna tuairiscithe ar fáil ach amháin do na blianta 2017 agus 2018. Ó 2018 ar aghaidh, ní áirítear sna figiúirí atá soláthartha aon chionta de bhun Alt 3 (2) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998, arna leasú. Dá bhrí sin, ní comparáid ar bhonn iontamhla atá i gceist le haon comparáid arna dhéanamh idir 2018 agus aon bhliain a tháinig roimpe.

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (GNECB)

Imscrúduithe agus ionchúisimh rathúla

In 2018, rinne GNECB roinnt imscrúduithe casta a raibh ionchúisimh, ciontuithé agus urghabhálacha mar thoradh orthu. Ina measc sin, áirítear:

Ciontú an Uasail David Drumm - Cuireadh pianbhreith sé bliana ar an iar-POF ar an mBanc Angla-Éireannach, an tUasal David Drumm, tar éis trialach cúig mhí agus imscrúdú cuimsitheach naoi mbliana ag GNECB. Fuarthas an tUasal Drumm ciontach as Comhcheilg chun Calaois a Dhéanamh agus as an gCuntasaíocht Bréagach a chleachtadh maidir le hidirbhearta calaoiseacha arbh fhiú €7.2bn iad agus a tharla in 2008 idir an Banc Angla-Éireannach agus Irish Life & Permanent.

Oibríocht Joggle - Oibríocht chuardaigh chomhordaithe ag GNECB ar 15 áitreabh ar fud Bhaile Átha Cliath, Lú, na Mí, Chill Dara agus Laoise i ngníomhaíochtaí sciúradh airgid idirnáisiúnta líonra coiriúil eagraithe larthar na hAfraice a chreidtear a bheith freagrach as thart ar €15m a sciúradh trí chuntais bhainc Éireannacha na trí bliana roimhe sin.

Seoladh Líne Rúnda um Breabaireacht agus Éilliú

Chun tuairisciú ar theagmhais fhéideartha breabaireachta agus éillitheoireachta a spreagadh, thug Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána isteach líne tuairiscithe rúnda go déanach i mí Mheán Fómhair.

Fuair an líne tuairiscithe 33 glao isteach sa chéad trí mhí oibríochta.

Is é an uimhir Líne Tuairiscithe Rúnda maidir le Breabaireacht agus Éilliú 1800 40 60 80.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GNCCB)

Cásanna Nua agus Cásanna Dúnta

As na hiarratais nua ar chúnamh a fuarthas in 2018, is iad na cúig chatagóir is mó de réir an lín ná:

- Fiosrúcháin ar an bPornagrafaíocht Leanaí - 248 Cás
- Fiosrúcháin Gadaíochta agus Calaoise - 83 Cás
- Saothrú / Mealltóireacht Leanaí - 31 Cás
- Aisghabháil Sonraí - 30 Cás
- Ionsaí Gnéis / Éigniú - 19 Cás

Tacaíocht Saineolaithe a Sholáthraítear d'Imscrúduithe

D'oibrigh GNCCB le raon leathan de rannóga agus aonaid le linn na bliana chun tacaíocht theicniúil a sholáthar d'imscrúduithe agus do chásanna cúirte.

Ina measc sin, bhí:

Oibríocht Ketch - 112 iarratas ar chúnamh le breis agus 330 foilseán curtha isteach le hanailís a bheith déanta orthu.

Oibríocht Myriad - Rinneadh imscrúdú ar bhreis is 50 foilseán chun cabhrú leis an mBiúró um Choireacht Eacnamaíoch seo díriú ar ghrúpa coireachta eagraithe ar leith atá páirteach i gcineálacha éagsúla calaoise, sciúrtha airgid agus brionnú.

Imscrúduithe ar shaothrú leanaí - chuidigh GNCCB i rionnt cásanna le linn na bliana nuair ar éirigh linn daoine a ionchúiseamh ar chúiseanna dála an saothraithe leanaí, agus sealbhú agus soláthar ábhar mí-úsáide leanaí.

Imscrúduithe Coireachta Tromchúisí - Chuir GNCCB cúnaimh ar fáil d'aonaid oibríochtúla agus, nuair ba ghá, thug sé tús áite don scrúdú fóiréinseach ar fhoilseáin maidir leis an dúnmharú, dronganna coiriúla eagraithe, daoine ar iarraidh, an sceimhlitheoireacht, agus imscrúduithe tromchúiseacha eile in 2018.

Riaráiste Cásanna

Leanann an riaráiste cásanna GNCCB, cé go bhfuil sé dulta i laghad le blianta beaga anuas, le bheith mar thosaíocht ríthábhachtach don GNCCB a bhainistiú. Níor tháinig laghdú suntasach ar an riaráiste go in 2018 in ainneoin gur glacadh le modhanna láidre.

493 cás a bhí sa riaráiste ag deireadh 2018. Is laghdú beag é seo atá tagtha air le linn na bliana.

As na 493 cás sa riaráiste, tá imscrúdú tosaithe ar 146 (30%) cás ach níl siad críochnaithe go fóill. Laghdaíodh próifíl aoise na gcásanna ó dheireadh 2017 go deireadh 2018. Ag deireadh 2017, chuaigh an riaráiste siar sé bliana. Ag deireadh 2018, chuaigh an riaráiste siar cúig bliana. In 2018, forbraíodh saoráid bainistíochta cásanna nua a cheadaíonn idirghabháil luath agus ardú saincheisteanna.

Ina theannta sin, cabhróidh tabhairt isteach na n-Aonad Cibearchoireachta Réigiúnaí a bhfuil cumas fóiréinseach acu in 2019 chun an riaráiste a laghdú.

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

Ba é ceann de na príomhdhírtheanna don CAB i rith 2018 ná comhlaigh na bpríomh-dhruaí coireachta eagraithe (OCGanna). Leagadh béim ar leith ar dhírú ar na sraitheanna leibhéal níos ísle de choirpigh chomh maith le dronganna coireachta níos tromchúisí mar iarracht chun cur isteach ar an dul chun cinn a dhéanann daoine ina nduine aonair laistigh de na dronganna seo.

Le linn na bliana, dhírigh CAB ar OCGanna agus ar dhaoine aonair a bhí páirteach i raon leathan de choiréanna lena n-áirítear robálacha, feithiclí goidte, díol agus soláthar drugaí rialaithe, díol feistí criptithe le grúpaí coiriúla, camscéimeanna calaoise poist idirnáisiúnta, agus smuigleáil breosla agus tobac.

I measc na gcineálacha sócmhainní a ndírigh an CAB orthu i rith na bliana bhí airgead tirim, trédhearcacht, airgead a coinníodh i gcuntais bhainc agus oifig an phoist, seodra ardluacha, mótarfeithiclí, agus réadmhaoin chónaithe.

Le linn 2018, chuir CAB oiliúint ar 99 Próifíleoir Sócmhainní Rannáin breise lenar tugadh líon iomlán na bPróifíleoirí Sócmhainní Rannóige áitiúla suas go dtí 358.

Foilseofar sonraí iomlána ghníomhaíochtaí an CAB a rinneadh le linn bliana 2018 ina thuarascáil bhliantúil.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB)

An Ghníomhaíocht oibríochtúil

Lean GNIB ag neartú na gcaidreamh oibre le comhghleacaithe intíre agus idirnáisiúnta maidir le slándáil, bainistíocht agus cosaint ár dteorainneacha, agus in imscrúdú gach ábhar a bhaineann leis an inimirce laistigh den Stát.

Rinneadh oibríocht ilghníomhaireachta lenar bhain GNIB, údaráis na Ríochta Aontaithe, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in 2018. Aimsíodh dhá fheithicil a goideadh san RA ar ais agus gabhadh beirt. Aithníodh dhá iarratas déag ar Chearta faoi Conarthaí an AE le tuilleadh gníomhaíochta a bheith déanta orthu.

Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí in iúl don GNIB gurbh ionann an oibríocht seo agus coigilt de €75,000 don Státchiste. Sainaithníodh ceithre chuideachta bhreise a bhfuil amhras fúthu go n-éascaíonn siad lorg eacnamaíoch calaíseach in Éirinn agus a bhaineann le 65 cead cónaitheachta agus go bhfuil siad faoi imscrúdú leanúnach.

Oibríocht Vantage

Díríonn an oibríocht seo atá bunaithe ar an fhaisnéis ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá a bhíonn páirt acu i bpóstaí bréagacha.

Tá líon na bhfógraí pósta do chéad pháirtí gur náisiúnaigh Phacastánacha, Indiacha na Banglaidéiseach tar éis titim go seasta le ceithre bliana anuas ó cuireadh tús le hOibríocht Vantage. B'ionann na trí náisiúntacht seo agus 915 fógra pósta chéad pháirtí in 2015. Faoi 2018, bhí an figiúr sin tar éis titim síos go dtí 129.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht leanúnach agus dlúthchomhar idir an GNIB agus Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO). Mar chuid de sin, cuireadh malartú faisnéise ní b'éifeachtúla i mbun idir Oibríocht Vantage agus an GRO. Mar thoradh air sin rinne an t-aonad 34 imscrúdú eile a chur in ngníomh in 2018.

Ón am ar bunaíodh Oibríocht Vantage, tá 1,260 tuairisc imscrúdaithe agus foláirimh curtha ar aghaidh chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) mar ar aithníodh póstaí áise agus / nó calaíseach in iarratais ar chártaí cónaitheachta. Tá ráta diúltaithe nó cúlghairme 94% bainte amach mar gheall ar imscrúduithe Oibríocht Vantage.

Daoine a Aistriú agus a Dhiúltú in 2018

Figúirí Aistrithe 2018

Díbeartha	101
Measta a bheith Díbeartha	97
Aistrithe	13
Aistrithe AE	66
Aistrithe Eile	14
Iomlán	291
<i>ladsan a bhfuil Ciontuithe Coiriúla acu</i>	98

Figúirí Diúltaithe 2018

Iomlán	4779
---------------	-------------

Inrochtaineacht Shoghluaiste

Sholáthair GNIB rochtain ar shonraí inimirceacha d'Oifigigh Inimirce an Gharda Síochána, lena n-áirítear ISN GNIB, PULSE agus Interpol FIND. Chuir sé seo ar chumas na nOifigeach Inimirce ag calafoirt iontrála, calafoirt agus trasrianta teorann sonraí beo ar dhoiciméid taistil a d'fhéadfadh a bheith tuairiscithe a bheith goidte, cailte nó cúlghairthe a sheiceáil.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imscrúdú Coiriúil (GNBCI)

An tAonad um Imscrúdú Mótarfheithiclí goidte (SMVIU)

In 2018, thug SMVIU faoi 70 cuardach faoi bharántas agus d'eisigh sé 19 feasachán ar fhaisnéis choiriúil ar threochtaí drochamhrasacha agus coireachta.

Aisghabháil an t-aonad seachtó a ceathair feithicil, meaisíní agus carbhán le neasluach de €1,679,000. Chabhraigh an t-aonad freisin le 79 earra goidte a aithint a d'urghabh baill eile de chuid Gharda Síochána, lena n-áirítear feithicilí, meaisíní, leantóirí gluaisrothar agus tarracóirí go dtí thart ar luach €1,061,000, ag fágáil luach iomlán de thart ar €2.74 milliún.

Gabhadh SMVIU 21 duine mar chuid d'oibríochtaí. Cuireadh cúig chomhad déag ar aghaidh chuig oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) le linn 2018 agus cláraíodh 10 ciontú cúirte i gcásanna a thóg baill SMVIU.

Thug SMVIU cúnamh freisin do roinnt imscrúduithe laistigh d'oibríochtaí tromchúiseacha coireachta ó CAB agus GNDOCB i ngníomhaíochtaí drong coireachta eagraithe. Shainnadh SMVIU feithicilí freisin chun imscrúduithe a dhéanamh ar dúnbhású, robáil ar airgead tirim, eachtraí lámhaigh agus eachtra buama píopa.

An tAonad um Choireacht Maoin Intleachtúil (IPCU)

Rinne IPCU imscrúdú ar sheirbhísí sruthú aindleathacha IPTV (teilifís Phrótacal Idirlin). Trí anailís airgeadais a rinne an t-aonad, aithníodh thart ar 50 miondíoltóir seirbhísí sruthú aindleathacha IPTV i dtíortha ina labhraítear Béarla ar fud an domhain. Chomh maith leis na miondíoltóirí seo, aithníodh eagraíocht atá bunaithe i SAM mar mhórdhíoltóir an táirge aindleathaigh seo agus tá sé i gceist an táirge sruthúcháin a sholáthar don slabhra soláthair os cionn na miondíoltóirí seo.

Is iarracht Europol é Oibríocht Aphrodite chun leathadh eipidéim dhíol táirgí góchumtha agus cóipchirt ar ardán meán sóisialta a chomhrac. In Éirinn, dhírigh an oibríocht ar dhíol agus fógraíocht ar líne (lena n-áirítear trí na meáin shóisialta) táirgí teilifíse aindleathacha. Rinneadh ceithre chuardach déag agus urghabhadh 880 feiste sruthú aindleathach agus trealamh leictreonach goidte. Tá comhaid á n-ullmhú don DPP.

Fuair an IPCU Gradam Molta Speisialta ón Anti-Counterfeit Group, eagraíocht atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a dhéanann ionadaíocht ar chearta maoin intleachtúla os cionn 3,000 brandaí idirnáisiúnta. Ba é seo an chéad uair a fuair an Garda Síochána dámhachtainí den sórt sin.

An tAonad Eiseachadta

Rinne an tAonad Eiseachadta na nithe seo a leanas i rith na bliana:

	2018	2017
Barántais ghabhála in-teachta forghníomhaithe	127	117
Éalaithigh ar cuireadh ar ais go hÉirinn	61	55
Éalaithigh ar cuireadh ar ais go dlínsí eile	62	48

I measc na n-eiseachadadh suntasach in Éirinn bhí daoine a bhí ag iarraidh calaois / goid, dúnmharú, ábhar mí-úsáide leanaí, agus gáinneáil ar dhaoine.

I measc na n-eiseachadtaí móra ó Éirinn bhí duine a bhí ag iarraidh cionta drugaí sna Stáit Aontaithe ag baint úsáide as an nGréasán dorcha, agus duine eile a bhí ag teastáil sa Ríocht Aontaithe maidir le dúnmharú, cionta gnéis agus coirloscadh.

Rinneadh gabhála suntasacha maidir le dúnmharuithe agus cionta gnéis.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Seirbhísí Tacaíochta Oibriúcháin

Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (GASU)

Cás-Staidéar

An 21 Márta, cuireadh héileacaptar de chuid an Gharda Síochána chun aghaidh a thabhairt ar thine mhór ag óstán i mBaile Munna i mBaile Átha Cliath. Cuireadh an héileacaptar os cionn an láthair, áit a bhí an criú in ann eolas a chur chuig gníomhaíochtaí éigeandála eile a bhí ann. Ghlac an héileacaptar pictiúir bheo ón aer le haghaidh phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin a bhí ar an láthair trí chóras íoslódála. Sa bhealach sin, bhíothas in ann an fhoireann dóiteáin a chur ar a chumas spotáí teo agus tinte tánaisteacha féideartha san fhoirgneamh a aithint.

Chuir ceannasaithe na freagra dualgas ar chriú an héileacaptar iarracht a dhéanamh aon duine a d'fhéadfadh a bheith sáinnithe laistigh den fhoirgneamh nó ar an díon a aimsiú. Ar an dea-uair, ní bhfuarthas go raibh aon duine gafa ann. Sholáthair héileacaptar an Gharda soilsíú ag an láthair chun cabhrú le seirbhísí éigeandála agus fógraí faisnéise poiblí tríd an gcóras seoltaí poiblí ar bord.

Aonad Gadhar an Gharda Síochána

Bhí Aonad Gadhar an Gharda Síochána páirteach i níos mó ná 1,648 cuardach le linn 2018. Áirítear leo seo cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh, drugaí, airm thine agus substaintí pléascacha anuas ar mhaoin ghoidte agus earraí lenar bhain tábhacht in imscrúduithe coiriúla.

Cás-Staidéar

I mí Iúil 2018, d'fhreagair ball de chuid an Aonaid Gadhair glao go raibh úinéirí tí agus a chuid comharsana ag coinneáil buirgléara faoi coimeád. Bhí an duine a raibh drochamhras air ag déanamh bagairtí foréigneacha ar na úinéirí tí agus bhí sé ag streachailt leis na comharsana. Chuaigh madra an Gharda isteach sa láthair agus d'aithin sí láithreach go raibh an duine a bhí faoi amhras ina bhagairt. Tugadh rabhadh don duine a raibh drochamhras faoi go n-úsáidfí an lámh láidir mura ngéillfeadh sé láithreach ball. Bhí an madra chomh héifeachtach sin gur ghéill an fear foréigneach sin é féin láithreach agus d'éirigh leis a bheith géilliúil. Phléadáil an buirgléir ciontach ina dhiaidh sin i gcúiseamh buirgléireachta sa Chúirt Chuarda.

Marc-Aonad an Gharda Síochána

Is iad na gnáth-tharluithe a bhfreastalaíonn an t-aonad orthu go príomha ná an cosc coireachta. Clúdaítear leo an ord poiblí, an rialú slua, cosaint VIPanna, agus dualgais searmanais, m.sh. Paráid Lá Fhéile Pádraig agus cuairt an Phápa Benedict.

D'oibrigh siad chun cuidiú le patróil ard-infheictheachta um chosc na coireachta mar chuid de Oibríocht Thor agus patróil oíche chun cabhrú le déileáil le heachtraí oird phoiblí i gcathracha móra.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Aonad Uisce an Gharda Síochána

Le linn 2018, rinne Aonad Uisce an Gharda Síochána cuardach daonnúla ar dhaoine ar iarraidh agus d'aimsigh siad deich gcorp.

Chuidigh an t-aonad, chomh maith, chun cuardach a dhéanamh ar airm thine agus airm eile a bhain le himscrúdú a dhéanamh ar thromchoireacht, agus soláthraíodh grianghrafadóireacht fiseáin agus shocair arson d'oifigigh imscrúdaithe chun tacú leis na hoibríochtaí seo.

Thug Aonad Uisce an Gharda Síochána faoi chuardaigh slándála agus cuardaigh suíomhanna teoranta sular thug daoine móra le rá cuairteanna ar láithreacha muirí.

Cuireadh cúnaimh ar fáil do chomhaltaí de chuid an Gharda a rinne imscrúdú ar ghoid bád, inneall agus trealamh muirí eile, agus d'éirigh go thar a bheith maith le líonra fairsing theagmhálacha póilíní muirí an aonaid le linn an imscrúdú a ndearna ar na coireanna sin.

Cás-Staidéar

I mí Eanáir 2018, agus trí bhall de chuid Aonad Uisce an Gharda Síochána gafa le cuardach duine eile a bhí ar iarraidh i mBré, Co. Chill Mhantáin, d'fhreagair siad tuairisc ar fhear a bhí feicthe agus é ag dul isteach san uisce i gCuan Bhré. Nuair a tháinig siad ar an láthair, d'aimsigh siad an duine a bhí i mbaol san uisce, a bhí leathbháite, gan tásca gan tuairisc. Thóg siad an duine a bhí i mbaol go Cuan Bhré agus chuir siad cóireáil air in aghaidh hipiteirme agus cúnaimh leighis á iarraidh acu ón nGarda Cóta ag an am céanna. Baineadh Héileacaptar an Gharda Cóta an taisme chuig Ospidéal Thamhlachta, áit a ndearna sé aisghabháil iomlán.

An tAonad Náisiúnta um Ord Poiblí (NPOU)

In 2018, chabhraigh an NPOU le patróil shofheicthe um chosc coireachta deireadh seachtaine i gcodanna de Lár Chathair Bhaile Átha Cliath áit a mbíonn minicíocht teagmhas oird phoiblí. In 2018, rinne an NPOU 1,222 patról réamhghníomhach chun an choireacht a chosc i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá feidhmiú agus ceannas an NPOU fós mar ábhar athbhreithnithe agus forbartha.


In 2018, lean an NPOU ar aghaidh ag glacadh leis an méid atá le foghlaim ó thuarascálacha de chuid an Gharda Síochána a rinneadh mar fhreagra an Gharda Síochána ar dhá eachtra oird phoiblí áirithe. Is iad na tuarascálacha faoi chaibidil leis seo ná 'The review of the serious public order incident at An Cosán, Tallaght, Dublin 24, in November 2014' agus; 'Lessons Learned Examination - Policing the Execution of a High Court Order on North Fredrick Street on 11 September 2018'.

Tabharfar aghaidh ar na heasnaimh a sainaitníodh sna tuarascálacha seo, mar aon leis na rudaí a foghlaimíodh, agus déanfar iad a ionchorprú sa Bheartas um Ordú Teagmhas Poiblí agus sa nós imeachta gaolmhar.

Chomh maith leis sin, rinne an Garda Síochána idirchaidreamh le Cigireacht an Gharda Síochána a d'iarr an tÚdarás Póilíneachta i mí Dheireadh Fómhair 2018, ar éifeachtacht póilíneachta na gcásanna ord poiblí a scrúdú. Meastar go gcríochnófar torthaí an scrúdaithe seo in 2019.



AN TSLÁNDÁIL NÁISIÚNTA & AN FHAISNÉIS



+300 TEIFEACH A RINNE PEARSANRA SDU SCRÚDÚ SLÁNDÁLA ORTHU FAOI BHUN CHLÁR ATHLONNAÍOCHTA TEIFEACH AN RIALTAIS



12 DAOINE AR CIONTAÍODH AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ GAOLM HAR LEIS AN SCEITHIMLEOIREACTH

98 TEAGMHAS A BHAINNEANN LE GIALLA / BARRACÁID / FÉIN M HARÚ (HBS) IN 2018



GO DTÍ



23,975,128 TÁSTÁIL DÉANTA AR PHAISINÉIRÍ AR THEACTH I DTÍR DÓIBH IN ÉIREANN AG NA BEALÁÍ ISTEACH SA TÍR (AERFOIRT AGUS POIRT MARA ARAON)

“Is é an ról atá ag an tSlándáil agus an Fhaisnéis ná an bhagairt a thugtar don Stát ó sceimhlitheoirí agus ó dhronganna coireachta eagraithe a aithint agus a anailísiú. Tacaíonn an rannóg le haonaid oibriúcháin trí thorthaí faisnéise a bhaineann leis an dá réimse sin a chur ar fáil dóibh.”

An tSlándáil agus an Fhaisnéis

Lean an Garda Síochána ar aghaidh le cur chuige réamhghníomhach agus straitéiseach a ghlacadh maidir le gníomhaíocht choiriúil agus slándáil náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht dúshlán éagsúil. Comhlíonadh na dúshlán seo trí fhrithbhearta bagairt a chur i bhfeidhm.

Trí obair na rannóige Slándála agus Faisnéise, cuireann Éire timpeallacht shábháilte agus shlán ar fáil dá cónaitheoirí agus gnólachtaí.

D’fhan an leibhéal bagairtí sa dlínse seo “measartha” gan athrú ó 2017, rud a léiríonn “gur féidir ionsaí a dhéanamh ach nach dócha”. Coinníonn an Garda Síochána athbhreithniú leanúnach ar leibhéal an bhagairt. Glacfar gach beart cuí i gcomhréir leis an timpeallacht bagairtí atá ann ag an tráth i gceist.

Lean an Garda Síochána ag comhoibriú go dlúth lenár gcomhghleacaithe san Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta chun faisnéis a roinnt agus freagairt do bhagairtí.

An tSlándáil Náisiúnta agus An Fhaisnéis - ar lean

Aonad Bleachtaire Speisialta (SDU)

Bhí ról lárnach ag SDU maidir le slándáil a sholáthar le haghaidh chuairt oifigiúil an HRH Prince Charles i mí an Mheithimh, an chuairt oifigiúil a thug Diúc agus Banríon Sussex i mí Iúil, agus cuairt an Phápa i mí Lúnasa.

Scrúdaigh pearsanra SDU breis agus 300 dídeanaí chun athlonnú a éascú in Éirinn faoi Chlár Athlonnaithe do Dhídeanaithe na hÉireann.

D'oibrigh SDU go dlúth freisin le Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána agus le Biúró Náisiúnta an Gharda um Choireacht Eacnamaíoch maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta.

Ina theannta sin, leanadh go rathúil le roinnt oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta, idir oibríochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Mar thoradh ar na hoibríochtaí sin faoi threoir faisnéise, urghabhadh roinnt arm tine agus méid suntasach armlóin.

Ina theannta sin, d'éirigh le SDU dhá dhuine dhéag a chiontú os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le sceimhlitheoireacht in 2018.


Áiríodh orthu sin an triail is faide i stair na Cúirte Coiriúla Speisialta, inar ciontaíodh triúr as ballraíocht IRA. Sa chéad triail seo, chonacthas na chéad chiontuíthe i stair an Stáit mar gheall ar an gcion a rinneadh le cuidiú go feasach le gníomhaíochtaí an IRA.

Beartaíocht Speisialta agus Ceannasaíocht Oibríochtaí (STOC)

An tAonad Idirbheartaíochta Náisiúnta

Dhéileáil an tAonad Idirbheartaíochta Náisiúnta (NNU) le 98 eachtra de chineál giall / baracáide / féinmharaithe (HBS) a taifeadadh in 2018. Bhain os cionn 60% de na teagmhais le meabhairshláinte agus bhain os cionn 24% le cúrsaí coiriúla.

An toradh deiridh a bhí ag na teagmhais



Clúdaítear le 'Eile' an chuid is mó de na teagmhais inar réitigh na chéad fhreagróirí an t-ábhar roimh theacht na n-idirbheartaithe.

Chabhraigh an NNU leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (DFAT) trí chleachtaí cás-bhunaithe a reáchtáil do Ambasadóirí nuacheaptha agus Cinn Misin.

Thaistil baill de chuid NNU freisin ar iarratas ó DFAT do thíortha i Meiriceá Theas agus san Eoraip chun comhairle agus treoir a sholáthar do phearsanra na hAmbasáide, chomh maith le saoránaigh Éireannacha.



An tSlándáil Náisiúnta agus An Fhaisnéis - ar lean

Aonad Freagartha Éigeandála (ERU)

Bhí freagracht chosanta ag ERU ar cheithre chuairt Ríoga agus cuairt Phapal in 2018 agus níor tharla aon eachtra ar fad. Imscaradh ERU go náisiúnta ar roinnt oibríochtaí ardphróifíle agus chabhraigh sé le comhghleacaithe i CAB, san Aonad Faireachais Náisiúnta (NSU), SDU, agus DOCB.

Ina measc sin, áirítear:

- Feabhra: Chabhraigh ERU le CAB cuardaigh shuntasacha a dhéanamh ar sheoltaí agus áitribh a bhaineann le baill agus comhlaigh aitheanta na bpríomhdhruaí coireachta eagraithe, agus mar thoradh air seo urghabhadh airgead, seodra agus feithiclí i measc sócmhainní eile a chreidtear a bheith ina bhfáltais ó ghníomhaíocht choiriúil.
- Meán Fómhair: Bhí baint ag ERU le gabháil sceimhlitheoirí easaontachta agus le hurghabháil arm tine agus armlóin le linn oibríochta a tharla i gCo. An Longfoirt chun tacú leis an Aonad Bleachtaire Speisialta.
- Deireadh Fómhair: Bhí baint ag ERU agus ag baill den NNU le réiteach rathúil ar eachtra fhada bharacáide a tharla i mBaile Átha Cliath, inar gabhadh duine a raibh ag bagairt an fhéindhiobháil a dhéanamh, agus inar urghabhadh gunna láimhe agus tostóir.

Chuir ERU leis an gceachtadh Atlas Common Challenge, agus ghlac sé páirt ann freisin, an cleachtadh is mó a rinne na haonaid idirghabhála speisialtóra. Tharla an imeacht seo ar fud seacht réigiún san AE. Rinneadh tástáil ar cé chomh réidh is a bhfuiltear, ó thaobh oibríochtúla de, le teagmhais sceimhlitheoireachta leis an tsraith seo de chleachtaí.

An tAonad Tacaíochta Faoi Airm (ASU)

Bhí an ASU lonnaithe in 11 ionad in 2018, agus is i RCBÁC ina bhfuil an t-ionad is úrnua acu suite. Le linn na bliana, bhí an ASU páirteach i roinnt oibríochtaí, beartaithe agus gan choinne araon, ina ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar na hagaí freagartha. Chuir ASU láithreach ard-infheictheachta ar fáil le haghaidh chuairt an Phápa chomh maith le tródú go straitéiseach chun cosaint agus athdhearbhú poiblí a thairiscint. Chuidigh ASU le Ghardaí éide a bheith ar a suaimhneas chomh maith ag mórimeachtaí lena n-áirítear paráidí Lá Fhéile Pádraig agus maratón Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith le roinnt imeachtaí spóirt ar fud na tíre. Chuidigh ASU freisin le ERU ar roinnt oibríochtaí ar bhealach follasach trí chordúin a dhéanamh nuair ba ghá agus bhí baint acu le roinnt cleachtaí oiliúna chomh maith.

Idirchaidreamh agus Cosaint

Ceacht Sceimhlitheoireachta Ilghníomhaireachta

Thug an Garda Síochána ceannaireacht ar an gcleachtadh ilghníomhaireachta is mó riamh - Oibríocht Barracuda - chun an cumas freagartha a thástáil i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta a tharlú. Le linn pleanála a bhí á déanamh ó mhí na Nollag 2017, reáchtáladh Oibríocht Barracuda i mí na Samhna 2018 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bhí an cleachtadh beo seo dírithe ar thástáil a dhéanamh ar chumas agus idir-inoibritheacht an Gharda Síochána, na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha faoin gcreat um Bainistíocht Éigeandála Móra agus Óglaigh na hÉireann i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta.

Bhraith os cionn 100 duine agus ionadaí meán ar an gcleachtadh. Fuarthas aiseolas dearfach ó na moltóirí agus fuair an cleachtadh clúdach suntasach sna meáin.

FIND Interpol

Mar gheall ar Bhunachar Sonraí Líonra Seasta Interpol (FIND) is féidir leis an nGarda Síochána agus Oifigigh de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann faisnéis chruinn a fhiosrú faoi dhoiciméid taistil atá goidte/cailte san fhíor-am, 24-7.

Ó mhí na Samhna 2016 go dtí mí Feabhra 2019, rinneadh 23,975,128 seiceáil ar phaisinéirí a tháinig isteach in aerphoirt agus calafoirt na hÉireann.

Comhdháil Réigiúnach Interpol na hEorpa - Baile Átha Cliath

Gach uile bhliain eagraíonn Interpol comhdháil de 41 ballstát óna chrios Eorpach. Tugtar cuireadh d'ionadaithe ó ghrúpaí dála na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (OSCE), Chomhairle na hEorpa, an Choimisiún Eorpaigh, agus Europol.

D'óstáil an Garda Síochána Comhdháil Réigiúnach Interpol na hEorpa 2018 i mBaile Átha Cliath agus d'fhóin 229 toscaire agus breathnóir san iomlán ar an gcomhdháil.

I measc na hábhair ar pléadh ag an gcomhdháil, bhí an staid slándála san Eoraip; an teicneolaíocht agus an nuálaíocht; saincheistanna um bainistíocht ar an teorann; an chibearchoireacht; saincheistanna drugaí; an fhrithsceimhlitheoireacht; treochtaí sa choireacht atá ag teacht chun cinn, agus saincheistanna rialachais d'Interpol.

An tSlándáil Náisiúnta agus An Fhaisnéis - ar lean

Le linn na comhdhála, toghadh an Coimisinéir Cúnta ar an tSlándáil agus an Fhaisnéis, Micheal O'Sullivan, mar bhall nua de chuid Choiste Eorpach Interpol. Ba é an Coimisinéir Cúnta O'Sullivan an chéad bhall den Gharda Síochána riamh le bheith tofa mar oifigeach de chuid Interpol. Cuirfidh sé le hobair an Choiste Eorpaigh maidir le sainordú Interpol.

Europol

Mar chuid de líonra Europol, thacaigh an Garda Síochána le roinnt Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtíochta Eorpacha sna réimsí seo a leanas:

- Cibearionsaithe
- Calaois cárta íocaíochta
- Gáinneáil arm tine
- Airgeadraí fíorúla
- An inimirce neamhdhleathach
- Gáinneáil ar dhaoine
- Gáinneáil cócaoin

Chuir an Garda Síochána leis an Measúnú ar Bhagairt Coireachta Eagraithe Europol agus leis an Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar an Idirlíon chomh maith, agus tuairiscíonn sé ar Staid na Sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas Eorpach.

An tAonad Comhordaithe Idirnáisiúnta (an ICU)

In 2018, lean an ICU le maoirseacht a dhéanamh ar an gCiste Slándála Inmheánaí Náisiúnta (an ISF) laistigh den Gharda Síochána agus díriodh go sonrach ar thionscadail a chuaigh i ngleic le tosaíochtaí póilíneachta agus slándála.

In 2018, d'éirigh leis an ICU cuibhreannas de sheirbhísí póilíní Bhallstáit an AE agus Ionad Frithsceimhlitheoireachta Europol (ECTC) a chomhordú i dtionscadal a bhí dírithe ar chomhar feabhsaithe a bhaint amach idir na Ballstáit i réimse na frithsceimhlitheoireachta.

Tá an ICU freagrach as cuairteanna staidéir / cuairteanna oifigeach ó sheirbhísí póilíneachta Eorpacha agus idirnáisiúnta a éascú. Le linn 2018, chabhraigh an ICU le toscairí agus le mic léinn ón nGearmáin, ón bPolainn agus ón Astráil.

Córas Faisnéise Schengen II (SIS II)

Córas faisnéise mórscaála an-éifeachtach is ea SIS II a thacaíonn le comhar um fhorfheidhmiú an dlí ar fud an AE agus na mballstát gaolmhar.

Nuair a bheidh sé nasctha le SIS II, beidh an Garda Síochána in ann foláirimh a rochtain agus a chruthú (ar dhaoine, ar fheithiclí agus ar rudaí) a iontráiltear ar an gcóras agus faisnéis a tharchuirtear i ndáil le foláirimh idir na ballstáit eile 'Biúro SIRENE (teagmháil náisiúnta pointí).

Ciallóidh sé go bhféadfar faisnéis maidir le catagóirí áirithe daoine ar theastaigh uathu (Barántas Gabhála Eorpach), daoine ar iarraidh, daoine a bhfuil baint acu le coireacht thromchúiseach / sceimhlitheoireacht agus maoin ghoidte, a mhalartú idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na dtíortha sin atá ag rochtain ar SIS II.

Tá beartas agus nósanna imeachta á ndrúachtú faoi láthair, agus tá clár iomlán oiliúna agus cumarsáide á fhorbairt a chuirfeadh i bhfeidhm i rith 2019. Táthar ag súil leis an dáta beo le ceangal le SIS II i R1 2020.

Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (GSAS)

Thacaigh GSAS le raon clár coiscthe coireachta agus gníomhaíocht oibríochtúil in 2018. Díriodh orthu siúd chun cabhrú le laghdú a bheith curtha faoi líon na coireanna in aghaidh an duine agus na coireanna in aghaidh maoin, agus chun tacú le himscrúduithe tromchúiseacha coireachta. Ina theannta sin, rinneadh anailís chun tacú le póilíníú bhóithre, ag cuidiú chun líon na gortuithe tromchúiseacha agus básanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú.

Lean Aonad Taighde an Gharda Síochána (an GRU) ar aghaidh le tacaíocht a sholáthar trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh náisiúnta (dála na Bainistíochta agus Measúnú um Riosca ar Chiontóirí Gnéis) agus dea-chleachtas a shainathint chun faisnéis a sholáthar d'fhorbairt straitéisí náisiúnta.

SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL



149

BÁSANNA UM TRÁCHTA AR
BHÓITHRE - AN LÍON IS LÚ RIAMH



16,491 TARCHURTHA
FAOI BHUN
CHLÁIR ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN
GHARDA SÍOCHÁNA



1,418 GRÚPÁÍ POBAIL AR
AIRE AG FEIDHMIÚ I
GCEANTAIR TUAITHE NA HÉIREANN

+385,000 LÍON TÍ
CLÚDAITHE



326,000

MEÁNLIÓN AN LUCHTA
FÉACHANA AR CRIMECALL
IN AGHAIDH AN CHLÁIR



2,095 SCÉIMEANNA
FAIRE
COMHARSANACHTA I
GCEANTAIR TUAITHE IN ÉIRINN

+500

LEANAÍ Ó GACH CEARN DE
BHAILE ÁTHA CLIATH A GHLAC
PÁIRT I GCRAOBHCHOMÓRTAIS OÍCHE
RCBÁC AN GHARDA/AN FAI I MBLIANA



+1,105

TIONSCNAIMH FOLÁIREAMH
TÉACS I BHFEIDHM IN ÉIRINN

“Is í an idirghníomhaíocht leis na pobail a fhreastalaímid orthu an rud is tábhachtaí in obair an Gharda Síochána agus is cuid lárnach í den obair a dhéanaimid gach lá ar fud na tíre. Sa chuid seo, gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin dóigh a théimid i dteagmháil le daoine agus an dóigh a n-oibrímid ar son na ndaoine a fhreastalaímid orthu.”

Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal (BGSRP)

Feachtais um Chosc na Coireachta

Tugadh faoi roinnt feachtas i rith na bliana chun comhairle thábhachtach maidir le sábháilteacht phearsanta agus cosc coireachta a chur ar fáil i ndáil le príomhchoireanna.

Le linn 2018, reáchtáladh feachtais ar chosc buirgléireachta, ionsaithe poiblí, sábháilteacht ar líne, goid rothair, fanacht sábháilte nuair a bhí siad ar oíche, agus úsáid shábháilte rothair / scráilaithe.

Cuireadh na feachtais seo chun cinn sna meáin thraidisiúnta, sna meáin shóisialta, ar Garda.ie, ar bhonn áitiúil le bileoga agus seastáin taispeántais, agus trí bheith i láthair ag mórimeachtaí dála an Chomórtais Treabhdóireachta agus Bloom.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Crimecall

Bhí lucht féachana mór ag CrimeCall arís in 2018 agus breis agus 326,000 duine a d'fhéach air, ar an meán, in aghaidh na heipeasóide. Lean an clár ar aghaidh ag imirt ról tábhachtach chun dul i ngleic leis an gcoireacht, agus ag cur cosc uirthi, agus chun cuidiú le himscrúduithe ardphróifíle amhail dúnmharuithe, trom-bhuirgléireachtaí, ionsaithe gnéis agus daoine ar iarraidh.

Faire Campais

Tá breis is 50 Scéim Faire Campais ar bun chun cabhrú le mic léinn tríú leibhéal maidir le cúrsaí sábháilteachta pearsanta.

Reáchtáladh roinnt feachtas faisnéise i rith na bliana ar príomhchoireanna lena n-áirítear feasacht ar dhruaí, sábháilteacht ar líne, ionsaí gnéis, iompar frithshóisialta agus calaóis.

Cuireadh an leabhrán Campus Watch, ina bhfuil comhairle den sórt sin, ar fáil i roinnt teangacha breise - sa Mhandairínis, sa Spáinnis agus san Araibis.



Tacú le Laethanta Oscailte na nGardaí Áitiúla

Le linn 2018 thacaigh Aonad Náisiúnta Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána (NCPU) leis na hAonaid Phóilíneachta Pobail i gCill Dhéagláin agus leis an mBaile Gaelach agus iad ag bunú a gcéad Laethanta Oscailte Stáisiúin na nGardaí trí chomhairle, eolas agus forbairt póstaer saincheaptha chun cabhrú lena n-imeachtaí a fhógairt go háitiúil agus ar na meáin shóisialta. Ina theannta sin, d'fhorbair Aonad Náisiúnta Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána leathanaigh dhaite saincheaptha an Gharda do na laethanta oscailte seo chun cabhrú le rannpháirtíocht óige an Gharda Síochána ar an lá.

Líonra um Chosc ar Choireacht an Aontais Eorpaigh Practice An Cleachtas is Fearr i gCosc Coireachta'

Is é EUCPN Líonra Coiscthe Coireachta an Aontais Eorpaigh. Tá sé mar aidhm aige eolas coisc agus dea-chleachtas coireachta a chur chun cinn i measc Bhallstáit an AE.

Chuir an NCPU cur i láthair ar fáil ar fhiúntais Úsáid Do Brain, An Garda Síochána, Ní Do Fists feachtas frith-ionsaí ag cruinniú EUCPN san Ostair i mí na Nollag 2018. Glacadh go maith leis an bhfeachtas i measc na dtoscairí Eorpacha.

Freagra Comhghníomhaireachta ar an gCoireacht (J-ARC)

I mí Mheán Fómhair, chuir Comhdháil Náisiúnta J-ARC torthaí agus moltaí i láthair le haghaidh na dtrí chlár píolótacha tosaigh de chuid J-ARC; ACER3 Sráid Chaoimhín & Tamhlacht, Strive, agus Bridge: Change Works. Phléigh na meastóirí neamhspleacha na torthaí agus thug siad léargas dearfach ar na moltaí a rinneadh.

J-A Bhuaigh RC an catagóir Forbarrit Daoine agus Scileanna Eagraíochta ag Gradaim Shár-Feabhais agus Nuálaíochta na Seirbhíse Sibhialta 2018.



Sábháilteacht Phobail - ar lean

Sraithchomórtais Oíche an Gharda Síochána / an FAI 2018

Ghlac os cionn 500 páiste ó gach cearn de Bhaile Átha Cliath i gCraobhchomórtais Oíche RCBÁC an Gharda / an FAI i mbliana agus ghlac 300 páirt sna cluichí ceannais i mí na Nollag.

Comhpháirtíocht chomhcheangailte atá i gceist le Sraithchomórtais Oíche an Garda Síochána, i gcomhar leis an FAI, údaráis áitiúla agus Bus Átha Cliath. Gach uile bhliain bíonn sé mar aidhm ag an tsraith an t-iompar frithshóisialta agus cineálacha coireachta eile a laghdú trí pháirceanna sacair áitiúla a chur ar fáil d'ógánaigh oíche Dé hAoine idir 7-9in.

Cosc ar an gCoireacht trí Dhearadh Comhshaoil

Le linn 2018, sholáthair Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireanna an Gharda ceardlann oiliúna do chleachtóirí údaráis áitiúil lena n-áirítear pleanálaithe, ailtirí, agus innealtóirí chun feasacht a chruthú ar an gcaoi ar féidir leis an dearadh comhshaoil i bhforbairt tithíochta agus sráid-dreacha a bheith de chabhair le cosc na coireachta.

Seachadadh dhá cheardlann chomhchosúla i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Tithíochta, a thug an oiliúint do pheanáilaithe agus d'fhorbróirí san earnáil phríobháideach, chomh maith le comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus FSS.

Comhdháil Póilíneachta na hEorpa

I mBealtaine 2018, d'óstáil an Coimisinéir Cúnta, Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, comhdháil dhá lá d'oifigigh phóilíneachta shinsearach a níos mó ná 35 tír Eorpach maidir le conas teagmhais chriticiúla a chosc agus freagairt dóibh.

Ceartha an Duine, Athstiúradh agus Cuimsiú an Chomhionannais

Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine (SHRAC)

Tar éis fhoilsiú thuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, chinn an Coimisinéir SHRAC a athbhunú.

Beidh an Coimisinéir ina chathaoirleach ar SHRAC agus beidh ionadaithe seachtracha agus inmheánacha mar Amnesty International Ireland, Speisialtóir um Chearta an Duine, Ruth Fitzgerald, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannais agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

Tionóladh an chéad chruinniú de SHRAC i mí an Mhárta 2019.

Lá Comhairliúcháin um an Éagsúlacht - Nollaig 2018

Reáchtáil Aonad Náisiúnta Ilchineálachta agus Lánpháirtíochta an Gharda Síochána (GNDIU) Lá Comhairliúcháin i mí na Nollag le príomhpháirtithe leasmhara ó ghrúpaí acadúla, rialtais agus sochaí sibhialta maidir le Straitéis Éagsúlachta agus Lánpháirtíochta an Gharda Síochána a athbhreithniú, atá le críochnú in 2019. Áireoidh an straitéis sainmhíniú, beartas agus nósanna imeachta nuashonraithe maidir le coireacht gráin.

D'fhreastail níos mó ná 40 duine agus bhí an t-aiseolas an-dearfach maidir leis an bpróiseas rannpháirtíochta.



Sábháilteacht Phobail - ar lean

Oiliúint ar an Éagsúlacht

Lean an Garda Síochána ar aghaidh ag seachadadh oiliúint ar an éagsúlacht dá chomhaltáí in 2018 le tacaíocht agus cúnaimh tugtha ag baill atá ó chúltraí éagsúla agus mionlaigh.

Áiríodh, mar chuid den oiliúint:

Faire Campais: Seachadadh modúl ilchineálachta ag GNDIU chuig 166 Gharda Pobail.

Cúrsa Oiliúna na Náisiún Aontaithe agus OSCE: Modúl aon lá amháin ar an éagsúlacht arna sheachadadh ag an Sáirsint Dave McInerney, PhD, GNDIU do fiche rannpháirtí atá ag súil le tabhairt faoin seerbhís eachtrach sa Chipir agus sa Chosaiv.

Cúrsaí oiliúna dhá lá Oifigigh ELO/LADT: ar siúl i Sráid an Stórais, i Muinseo, i gCluain Tarbh, i Luimneach, i gCorcaigh agus i mBaile Brigín.

Oiliúint Agallóireachta Leibhéal 3: arna seachadadh ag GNDIU ar iarratas ó Choláiste an Gharda Síochána - (8 gCúrsa).

Oiliúint Agallóireachta Speisialaithe: arna seachadadh ag GNDIU ar iarratas ó Choláiste an Gharda Síochána - (2 gCúrsa).

Modúl Éagsúlachta Ceannais agus Rialaithe: arna seachadadh ag GNDIU.

Forbairt Comhpháirtíochta

Ag cur Comhdhála Náisiúnta Bliantúil de Phobal Moslamach Ahmadiyya i láthair ar ábhar Frith-Ildirdhealaithe, i gcomhar le Ruth Coppinger, TD.

Cur i láthair Phobal Moslamach Iarthar Bhaile Átha Cliath ar ábhar 'Intolerance and Islamophobia' i gcomhar leis an Uasal Tomi Reichental (Campa marthanóra an Uilelosgaidh Bergen-Belsen).

Saincheisteanna maidir le hordú poiblí an Lucht Siúil a thapú agus a cheistiú i Rannán Chorcaí trí GNDIU, Idirghabhálaithe an Luchta Siúil agus baill áitiúla líne tosaigh.

Saincheisteanna coinbhleachta don Lucht Siúil a thabhairt faoi deara agus a réiteach i Rannán Cheatharlach trí GNDIU, Idirghabhálaithe Taistealaithe agus baill líne tosaigh sa cheantar.

Ag cur i láthair ag an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta don Lucht Siúil agus na Romaigh ar idirchaidreamh idir an Lucht Siúil / na Romach / an Gharda Síochána.

Ag cur i láthair ag Cumann Igbo na Nigéire in Éirinn maidir le: Póilíneacht na coireachta fuatha in Éirinn - dámhachtain bronnta ar GNDIU agus ELOanna as an méid atá déanta acu chun cur leis an gcaidreamh dearfach.



Sábháilteacht Phobail - ar lean

Soláthar Seirbhíse Íogaire

Comhairle a chur ar Oibríthe Sóisialta maidir le modhanna atá le glacadh chun cásanna amhrasacha den phósadh éigeantach agus den chiorrú baill ghiniúna ban a chosc.

Dul i ngleic le hógánaigh Mhoslamacha agus céimeanna a ghlacadh chun an t-antoisceachas agus an radacú a chosc.

Monatóireacht laethúil a dhéanamh ar an gcoir fuatha tuairiscithe i rith 2018 - ag tacú le baill imscrúdaithe - agus íospartaigh i gcásanna áirithe a chur ar a suaimhneas.

Cosc a chur ar an gcoir fuatha i gcoinne daoine den phobal trasinsneach.

Seirbhís rúnda a sholáthar d'íospartaigh de gach cineál coireachta fuath.

Chuir an Sáirsint Dave McInerney i láthair ag 20ú Comhdháil Náisiúnta Chomóradh na nDaoine Beaga in Éirinn i mí na Samhna 2018 maidir le dúshlán a thabhairt don choireacht fuath.

Páirt a ghlacadh le hógánaigh ghorma i dTamhlacht, i gCluain Dolcáin, i mBaile Bhlainséir agus i mBaile Brigín, agus chuaigh amach ar phatróil ina dhiaidh sin i gcomhar le ceannairí pobal gorm agus ELÓanna ó Rannán 'C' ar Lá Fhéile Pádraig agus Lá Fhéile Stiabhna i sna Dúichí 'B', 'C' agus 'D' - agus é d'aidhm an cur isteach ar ord poiblí a chosc.

Ionadaíocht GNDIU ag Cruinnithe Ardleibhéil

D'fhreastail an GNDIU ar an 6ú cruinniú de Ghrúpa Ardleibhéil an AE maidir leis an gCiníochas, an Seineafóibe agus cineálacha Éadulaingte eile a tionóladh i Vín an 16-17 Deireadh Fómhair 2018.

Cuireadh an cur i láthair ar fáil maidir le Teicnící Póilíneachta Frith-Idirdhealaitheacha ar Chearta an Duine agus ar iarratas ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mí na Nollag 2018 nuair a comóradh 70 bliain den Dhearbhú um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe.

Clár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána

Is éard is aidhm an Chláir Athstíúrtha ná cosc a chur ar leanaí dul isteach sa chóras ceartais choiriúil tríd an athstíúradh a úsáid de rogha eile ar an gcúirt agus leanaí a dhíspreagadh ó chionta breise a dhéanamh. Sa chás go dtarraingítear aird an Gharda Síochána ar leanbh áirithe mar gheall ar ghníomhaíocht choiriúil nó fhrithshóisialta a bheith déanta ag an leanbh sin, sainordáítear leis an oibleagáid reachtúil go gcaithfear iad a mheas le haghaidh atreorú.

Clár Athstíúrtha 2018

Atreoruithe	16,491	laghdú 18% i gcoinne 2017
ar líon na Leanaí Atreoraithe	8,561 Teagmhais	laghdú 19% i gcoinne 2017

Tá staidrimh faoi réir athbhreithnithe ag Seirbhís Anailise an Gharda Síochána agus Choiste Monatóireachta Alt 44 ceaptha chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstíúrtha.

Scrúdú an Gharda ar an bPróiseas Atreoraithe don Óige

Le linn 2018, rinne foireann imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána faoi cheannas Bleachtaire Maoirseachta scrúdú cuimsitheach ar an bpróiseas atreoraithe óige faoin gClár Athstíúrtha Óige agus thug sé tuairisc do Choimisinéir Cúnta.

Foilsíodh torthaí eatramhacha an athbhreithnithe in Eanáir 2019. Fuarthas san athbhreithniú nach a gcuid cásanna dul chun cinn i gceart idir 2,492 duine aonair agus 988 eagraíocht aonair a bhí ina n-íospartaigh na coireachta idir Iúil 2010 agus Iúil 2017. Bhí 3,489 leanbh bainteach leis na hatreoruithe seo nach ndearnadh dul chun cinn cuí orthu.

Tá gach duine de na híospartaigh, lena n-áirítear na leanaí, ag fáil leithscéal i scríbhinn ón nGarda Síochána agus tairiscintí tacaíochta. Tugtar cuairt phearsanta ar íospartaigh na gcoireanna tromchúiseacha. Tá ceist a bhaineann le cuntasacht indibhidiúil na 3,230 comhalta a fhreastalaíonn ar an nGarda a bhaineann leis na hatreoruithe (nach bhfuil curtha ar aghaidh go cuí) á scrúdú ag a nOifigigh Rannóige ar bhonn cás ar chás.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Oifig Monatóireachta Comhchoistí Póilíneachta Náisiúnta an Gharda Síochána

Lean Comhchoistí Póilíneachta ag soláthar fóraim thábhachtach ag tacú le cosc na coireachta agus ag cinntiú go leanann an eagraíocht ag forbairt agus ag athrú mar fhreagairt ar riachtanais an phobail ag an leibhéal áitiúil.

Rinne an oifig a cuid feidhmeanna i gcomhairle le páirtithe leasmhara in 2018 chun monatóireacht a dhéanamh ar Chomhchoistí Póilíneachta. D'fhreastail aon chruinniú déag Comhchoiste Póilíneachta i 2018 chun na críche seo.

Póilíneacht ar Bhóithre

Bunú an Choimisiúin um an Póilíníú ar Bhóithre

Is príomhghné don obair a dhéantar san Aonad Póilínithe Bóithre nua í go ndíoltófar do choirpigh a bheith in ann an ngréasán bóithre a úsáid. Chomh maith le bheith dírithe ar chionta tarrthála luais, criosanna sábhála, fóin phóca agus tiomáint faoin tionchar, cuirtear béim shuntasach ar chosc agus ar bhrath na gcoireachta.

Le linn 2018, ceapadh 146 Garda leis an bPóilíníú Bóithre ar fud na tíre chun na hAonaid Phóilínithe Bóithre atá ann a fhorlíonadh. Ag deireadh 2018, bhí 744 pearsanra ceangailte le Póilíníú Bóithre. Tá tuilleadh ceapachán nua beartaithe do 2019, 2020 agus 2021.

Déanann na hAonaid Phóilínithe Bóithre patróil ard-infheictheachta agus i 2018 soláthraíodh roinnt feithiclí nua lena n-áirítear 20 SUVs.



Díriú ar Phríomhchionta Tarrthála


Cé gur tháinig laghdú ar bhásanna ar bhóithre in 2018 i gcomparáid le 2017, chaill 149 duine a saol go tragóideach i gcomparáid le 156 in 2017. Is laghdú 4% é seo ar bhásanna agus is é an figiúr báis is ísle ó cuireadh tús le taifid i 1959. Is rud an mhaith é an treocht anuas seo, ach tá a lán níos mó de dhíth dhéanamh chun figiúr Straitéis Sábháilteachta Bóthair an Rialtais 2013-2020, uasmhéid de 124 bás bóthair in aghaidh na bliana, a bhaint amach. Bás amháin fiú ar na bóithre, tá sé iomarcach.

Chun aghaidh a thabhairt ar na príomhfhachtóirí a chuireann go mór le cúiseanna imbhualtí marfacha agus tromchúiseacha díobhála, dhírigh an Garda Síochána forfheidhmiú ar roinnt cionta “saultarrthála” lárnacha:

- An tiomáint ar róluas
- Tiomáint faoi thionchar alcóil nó ábhar mheisceora eile (DWI)
- Úsáid criosanna sábhála - tosaigh agus cúil araon
- Fón póca a úsáid le linn tiomána

	2017	2018	Athrú	% Athrú
Básanna	156	149	-7	-4%
mbhualtí marfacha	141	142	1	1%

Treocht Imbhualtí Marfacha in 2018



3MRA = meán rollach 3 mhí, MR12 = meán rollach 12 mhí.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Básanna de réir úsáideora bóithre:

Úsáideoirí Bóithre a Fuair Bás	2017	2018
Tiománaithe	65	61
Paisinéir	26	20
Coisithe	31	42
Rothaithe	14	9
Gluaisrothaithe	19	15
Paisinéir Cúlóige	1	0
Iomlán	156	147

Príomhchionta Tarrthála

Rinneadh go leor oibríochtaí forfheidhmithe i rith na bliana chun tiománaithe fánacha a aimsiú agus iompar úsáideoirí bóithre a athrú. Bhí líon na dteagmhas tiomána faoi thionchar alcóil beagáinín níos airde ná sna figiúirí le haghaidh 2017 agus bhí méadú tagtha ar líon na dteagmhas a bhain le drugaí freisin.

	2017	2018	Athrú	% Athrú
Teagmhais de thiomáint faoi thionchar alcóil	7,766	7,802	36	0%
Seicphointí MIT	76,592	64,932	-11,660	-15%
An tiomáint ar róluas	147,874	135,639	-12,235	-8%
Criosanna sábhála	11,034	11,541	507	5%
Fóin Phóca	28,400	30,978	2,578	9%



Sábháilteacht Phobail - ar lean

Samplaí d'oibríochtaí um an tsábháilteacht ar bhóithre

- Eagraíodh dhá lá náisiúnta um 'Moilliú', inar thug feachtas meán tacaíocht do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe luais an- fheiceálach ar bhóithre náisiúnta, príomhbhóithre agus bóithre den dara grád ar mhaithe le tiománaithe a spreagadh chun a luas a laghdú. Tugadh nuashonruithe rialta ar na meáin i rith an lae chun aird a tharraingt ar an gcomhlíonadh agus ar an mbrath, agus bhí agallaimh sna meáin sa bhreis ar sin, chomh maith.
- Bhí Tionscadal EDWARD de chuid TISPOL (Lá Eorpach gan Bás ar Bhóthar) ar siúl an 19 Meán Fómhair 2018. Is imeacht mór uile-Eorpach é seo a sheachadann An Garda Síochána in Éirinn i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ní raibh aon bhásanna bóthair in Éirinn ar an lá.
- Rinneadh poiblíocht mhór ar fheachtas tiomána ar meisce na Nollag agus na Bliana Nua ar fud gach ardán meáin le clúdach suntasach breise maidir le ró-luas. Bhí nuashonruithe agus teachtaireachtaí rialta sna meáin ar fud an fheachtais ar fad. Cé go raibh an chuid is mó de thiománaithe géilliúil agus sábháilte ina dtiomáint, gabhadh níos mó ná 1,000 tiománaí ar dhrochamhras faoi thiomáint mheisciúil, cuid acu go mór.

Gníomhaíocht Feasachta Poiblí

- Rinneadh go leor idirghabhálacha agus tionscnaimh oideachais ar fud na tíre, chun cur leis an fheasacht atá ag na húsáideoirí bóithre go léir ar an sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe maidir le húsáideoirí bóithre leochaileacha amhail coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe.
- D'fhreastail an tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre ar roinnt imeachtaí lucht féachana ollmhóra lena n-áirítear Taispeántas na nEolaithe Óga chun oideachas a chur ar úsáideoirí bóithre amach anseo, agus dul i ngleic leo, agus ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun an pobal feirmeoireachta a chur ar an eolas faoi riachtanais ceadúnais tiomána maidir le húsáid talmhaíochta. Taispeánadh na buntástí a bhaineann le haip Tráchtá an Gharda Síochána do chuairteoirí chuig seastán an Gharda Síochána maidir le reachtaíocht bóithre a fhorfheidhmiú.
- Tá an mhír Faire Tráchtá ar chlár Crimecall a mbíonn an-tóir air ina ghné fhadtéarmach de gach clár agus i rith na bliana úsáideadh é chun aird a tharraingt ar an sábháilteacht ar bhóithre maidir le gluaisrothair; tiomáint ar mhótarbhealaigh; úsáideoirí soghonta bóithre agus an infheictheacht; an tiomáint faoi thionchar; an drochaimsir; criosanna sábháilteachta, agus an tiomáint ar ró-luas.

Feachtas sna Meáin Chumarsáide

Rinne An Garda Síochána na feachtais meán seo a leanas i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre:

- Deireadh Seachtaine Naomh Pádraig - An Tiomáint Faoi Tionchar
- Deireadh Seachtaine na Cásca - An Tiomáint Faoi Tionchar Óil nó Drugaí
- Lá Saoire Bainc na Bealtaine - Sábháilteacht Ghluaisrothaíochta
- Saoire Bainc an Mheithimh - Sábháilteacht Choisithe
- Lá Saoire Bainc Lúnasa - Tuirse
- Lá Saoire Bhainc mí Dheireadh Fómhair - Úsáideoirí Soghonta Bóithre
- An Nollaig - Tiomáint faoin Tionchar

Chomh maith leis sin, rinneadh comh-eisiúintí ar thopaicí amhail an tsábháilteacht ghluaisrothaíochta, sábháilteacht leanaí, agus scrálaithe.



SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA

**€23.9m**IOMLÁN COIGILT AR
CHOSTAS FUINNIMH
Ó 2009**258** LÍON GARDAÍ
ATHSHANNAITHE AR
DHUALGAIS PHÓILÍNEACHTA
TÚSLÍNE**+12,860**LÍON PEARSANRA CÓD
A D'FHREASTAIL AR
CHEARDLANNA CÓID
EITICE**14,032** COMHALTA
2,429.4 FOIREANN AN
GHARDA
SÍOCHÁNA
528 BALL AN CHÚLTACA**5,316**COMHAID GÁS LÁTHAIR
NA COIREACHTA**1,070**AITHINT AG LÁTHAIR
NA COIRE DÉANTA**1,500**AIMSITHE/OIRIÚCHÁIN Ó
BHUNACHAR DNA A
TUAIRISCÍODH Ó EOLAÍOCHT
FHÓIRÉINSEACH ÉIREANN

“Déantar obair laethúil an Gharda Síochána i gcomhpháirt le, agus le cabhair ó raon mór seirbhísí tacaíochta. Déantar cur síos sa chuid seo ar obair na n-aonad seo, idir obair na hOifige um Chlaochlú Straitéiseach a spreagann an clár athraithe, agus obair Choláiste an Gharda Síochána maidir le hoiliúint earcach.”

Athchóiriú Díl agus Cirt

I mí Mheán Fómhair 2018, foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Tugann an tuarascáil treochlár don Gharda Síochána agus do pháirtithe leasmhara eile ar conas an soláthar póilíneachta in Éirinn a fheabhsú.

Ina dhiaidh sin, thosaigh bainistíocht an Gharda ag measúnú an tslí is fearr chun moltaí an Choimisiúin a chur i gcrích agus, i mí na Nollag 2018, d'fhógair an tAire Díl agus Cirt agus Comhionannais an plean forfheidhmithe bunaithe ar thuarascáil an Choimisiúin.

Agus é ag trácht ar an bplean seo, Seirbhís an Phóilíneachta don Todhchaí, dúirt an Coimisinéir Harris go dtabharfaidh sé go leor buntáistí don phobal, don Stát agus do phearsanra na nGardaí.

Don phobal - seirbhís póilíneachta níos áitiúla ar féidir léi freagairt níos fearr dá riachtanais, níos mó infheictheachta ag Gardaí, seirbhís fheabhsaithe d'íospartaigh, agus seirbhís dírithe ar an duine a dhéileálann le gach duine le meas agus le hionracas.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Dár gComhaltaí - culaithe éide nua, teicneolaíocht atá cothrom le dáta, córais níos éifeachtaí, Samhail nua Póilíneachta Rannóige, foirgnimh Gharda níos fearr, níos mó rannpháirtíochta ag an mbainisteoireacht, tacaíocht níos fearr dóibh siúd ar mian leo aird a tharraingt ar cheisteanna, agus an fhoghlaim agus an fhorbairt fheabhsaithe.

Don Stát - Go mbeadh Éire slán sábháilte agus go mbeadh an tír dea-threallmhaithe agus oile chun déileáil le bagairtí agus teagmhais atá ag teacht chun cinn.

Beidh fócas an Gharda Síochána in 2019 ar a ghealltanais a sheachadadh faoi Sheirbhís Póilíneachta don Todhchaí agus ag obair i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile ar thionscnaimh a éilíonn freagairtí ilghníomhaireachta. Déanfar dul chun cinn orthu seo a thuairisciú go rialta don Rialtas agus don Ghrúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil don phlean.

Cód Eitice

Leagtar amach sa Chód Eitice na treoirphrionsabail chun gníomhartha gach pearsanra laistigh d'eagraíocht an Gharda a threorú.

Chun an Cód Eitice a daingniú, táthar ag tabhairt faoin gclár oiliúna is mó a bhí riamh ann i stair na heagraíochta.

In 2018, seachadadh ceardlanna eitice ar fud na tíre do gach ball den Gharda Síochána, d'fhoireann an Gharda Síochána agus do Ghardaí cúlta. Ó mhí na Nollag 2018, d'fhreastail os cionn 12,860 pearsanra ar na ceardlanna seo. Astu siúd, tá os cionn 8,510 tar éis síniú chun a dtiomantas don Chód Eitice a dhearbhu. Tá an dearbhú sínithe ag an mbainistíocht shinsearach go léir.

Luaigh an Coimisinéir Harris arís agus arís eile go himmheánach agus go seachtrach, an tábhacht a bhaineann le pearsanra ag síniú an Chóid Eitice agus nach féidir ach iad siúd a shínigh an Cód a bhreithniú le haghaidh ardú céime. Chuaigh an Coimisinéir i dteagmháil freisin le cumainn an Gharda Síochána maidir lena dtacaíocht don Chód Eitice.

I mí na Samhna 2018, bunaíodh Biúró Eitice agus Cultúir an Gharda Síochána. Tá sé freagrach as an gCód Eitice agus as an athrú cultúrtha a daingniú sa Gharda Síochána.

Tá an Biúró ag déanamh maoirseachta ar chur chun cinn an Chóid Eitice, a chuimsigh go dtí seo ceardlanna eitice, póstaer i stáisiúin agus oifigí ar fud na heagraíochta, fógraí r-phoist, dáileadh ábhair faisnéise, agus forbairt físe Cód Eitice le haghaidh inmheánach agus úsáid sheachtrach.

Rinne PwC Iniúchadh Cultúrtha an Gharda Síochána sa ráithe dheireanach de 2017 agus foilsíodh é i mBealtaine 2018.

Ina dhiaidh sin, tháinig an bhainistíocht shinsearach ó leibhéal na bhFeitheoirí / an Phríomhoifigigh Chúnta le chéile chun torthaí an Iniúchta a phlé.

Ina theannta sin, thionóil na Príomhoifigigh / na Príomh-Cheannfoirt cruinnithe faisnéise déthreo leis an bpearsanra ina réimsí faoi seach ar an Iniúchadh Cultúrtha. Bhí na seisiúin faisnéise 'halla baile to seo chun úinéireacht na dtorthaí a léiriú agus tiomantas chun aghaidh a thabhairt orthu. Ag an am céanna, tá tograí rannpháirtíochta cultúrtha na foirne á bhforbairt ag an mBiúró faoi láthair chun cultúr na heagraíochta a athchóiriú. Faoi Sheirbhís Póilíneachta don Todhchaí, déanfar na tionscnaimh cheadaithe a phiólótu i Ráithe 3, 2019, agus cuirfear i bhfeidhm go hiomlán iad i Ráithe 4, 2019.

Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Póilíneachta

D'fhreastail ionadaithe an Gharda Síochána ar 28 cruinniú de chuid Choiste an Údaráis Phóilíneachta i rith na bliana chun nuashonruithe a sholáthar maidir leis an gCód Eitice a leabú; an Plean Póilíneachta 2018; cur i bhfeidhm an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana; Athbhreithnithe an Gharda Síochána ar shaincheisteanna amhail aicmiú dúnbhásaithe agus an próiseas atreoraithe óige, agus réimsí éagsúla eile.

D'fhreastail an Coimisinéir agus an cheannaireacht shinsearach ar 11 chruinniú de chuid an Údaráis Phóilíneachta gach mí freisin, agus reáchtáladh cúig cinn díobh go poiblí.

Rinne Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Póilíneachta breis agus 70 cruinniú breise a chomhordú idir an dá eagraíocht agus thart ar 68 cuairt ón Údarás ar rannóga agus stáisiúin speisialtóra éagsúla de chuid an Gharda Síochána. Rinne an oifig próiseáil ar bhreis agus 150 iarratas ón Údarás Póilíneachta le haghaidh faisnéise agus tuairiscí i rith na bliana.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean



MÓRÉACHTAÍ MRP LE LINN 2018

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2018 maidir leis an gClár Nuachóirithe Agus Athnuachana. Ag seo thíos, cuid de na príomhnithe a baineadh amach:



I mí Mheán Fómhair 2018, tháinig moltaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn isteach in ionad an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana. Don chuid eile de 2018, bhí an Garda Síochána dírithe ar na moltaí sin a chur i gcrích.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána

In 2018, faoi dheireadh na bliana, bhí idirghabhálacha oiliúna faighte ag níos mó ná 1,700 ball den Gharda Síochána ó Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána.

D'fhan rátaí comhlíonta ó Rannáin agus Réigiúin maidir le cláir riosca nuashonraithe ráithiúla a chur ar aghaidh i gcónaí ard i rith 2018 agus comhlíonadh 91% i gCeathrú 3, 2018.

Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU)

Le linn 2018, chríochnaigh GPSU scrúdú Rannóige i Réigiún an Oirdheiscirt mar aon le hathbhreithnithe ar thrí Rannán Garda.

Foilsíodh tuarascálacha téamacha maidir le Tástáil Drugaí Réamh- mheasta laistigh den Gharda Síochána agus gnéithe áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014. D'aithin na tuarascálacha téamacha seo réimsí le haghaidh feabhsúcháin de réir polasaithe agus nósanna imeachta don Gharda Síochána.

I Márta 2018, rinne Cumann Cailíochta Excellence Ireland (EIQA) measúnú seachtrach ar GPSU agus bronnadh an Q Mark orthu ar Chórais Bhainistíochta Cailíochta.

Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána (GIAS)

Le linn 2018:

- Tháinig méadú ar líon na foirne in GIAS ó 12 go 15 agus fuarthas cead chun an leibhéal foirne a mhéadú arís, suas go dtí 16. Bhíothas in ann méadú a chur leis an gníomhaíocht iniúchta in 2018 mar gheall ar na hacmhainní breise a cuireadh ar fáil.
- Síníodh Cairt nua le Coimisinéir an Gharda Síochána.
- Tuairiscionn Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí anois go díreach chuig Coimisinéir an Gharda Síochána / Oifigeach Cuntasaíochta seachas chuig an Leas-Choimisinéir Rialachas agus Straitéis.
- Chuir Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí Coiste na nGardaí ar an eolas gach ráithe.
- Glacadh le cur chuige ceannaireachta straitéiseach a chinntíonn go bhfuil scóip iomlán na sainchúraim iniúcháireachta á comhlíonadh agus go dtugtar tús áite do rioscaí straitéiseacha.

Tá sé beartaithe go ndíreoidh iniúchtaí GIAS go hobair iniúchta níos straitéisí ar phríomhthiománaithe feidhmíochta ag cur i bhfeidhm seachadadh seirbhísí póilíneachta don phobal.

Gnóthaí Inmheánacha

Tionscnamh Idirghabhála Áitiúil nua chun gearáin ar leibhéal seirbhíse a réiteach

Le linn an chéad leath de 2018 reáchtáladh scéim phíolótach chun saincheisteanna ar leibhéal na seirbhíse, ar a dtugtar Idirghabháil Áitiúil, a réiteach i Rannán Lár-Dheiscirt RCBÁC, i gcomhar le Gnóthaí Inmheánacha agus le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC).

Rinne Cigire ainmnithe an próiseas Idirghabhála Áitiúil a bhainistiú. Réitíodh 88% de na cásanna a chuir GSOC faoi bhráid an Chigire le haghaidh Idirghabhála Áitiúil. Is léir go bhfuil go leor gearánaithe sásta, nuair a dhéantar iarrachtaí dáiríre éisteacht lena ngearán, a bhfadhb a réiteach nó aon mhíthuiscint a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ngearán a dhéanamh a shoiléiriú.

Cuireadh tús leis an tionscnamh Idirghabhála Áitiúil i Réigiún an Oirdheiscirt i mí na Samhna 2018. Meastar go leathnófar an tionscnamh a thuilleadh ar fud na tíre in 2019.

Gnóthaí Inmheánacha - Araíonacht

Le linn 2018, fuarthas go raibh sárú smachta ag 107 comhalta i ndiaidh imscrúduithe smachta inmheánacha faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007. Fuair na comhaltaí seo meascán de smachtbhannaí airgeadaíochta, rabhaidh, rabhaidh agus iomarduithe. B'ionann na pionóis airgid iomlána a gearradh ar chomhaltaí agus €13,695. Ina theannta sin, gearradh laghdú sealadach ar phá trí seachtaine ar bhall amháin agus íocann dhá sheachtain eile.

Dibheadh beirt bhall den Gharda Síochána le linn 2018 faoi Rialachán 39 de Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, arna leasú. Ní bhaineann an figiúr seo le baill de Chúltaca an Gharda Síochána agus de na Gardaí Promhaidh, a ndéileáiltear leo faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Cead isteach agus Ceapacháin) (Leasú) 2001/2006.

Bhí 37 comhalta ar fionraí ag deireadh na bliana.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Gnóthaí Inmheánacha - Gearáin

I rith na bliana, thug an GSOC fógra don Gharda Síochána maidir le 1,337 gearán a rinne baill an phobail i gcoinne Gardaí, a mheas an GSOC gur inghlactha iad. Astu seo, chuir GSOC 761 ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena n-imscrúdú, de réir Alt 94, Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.

Tharchuir an Garda Síochána 38 teagmhas chuig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, de réir Alt 102 den Acht.

Gnóthaí Inmheánacha - Cúiteamh

Gach iarratas ar chúiteamh, arna dhéanamh ag an Pá, móide baill agus iar-bhaill de chuid an Gharda Síochána, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de bhun na nAchtanna Garda Síochána (Cúiteamh), 1941 agus 1945.

- Fuarthas 151 éileamh nua in 2018.
- Dámhadh 132 cás san Ard-Chúirt.
- €6,093,444 íochta go dtí seo san Ard-Chúirt.

Airgeadas

Sa staid airgeadais fhoriomlán ag deireadh mhí na Nollag 2018, taifeadadh glanchaiteachas iomlán de €1,595 milliún, €7 milliún níos lú ná an Buiséad Bliantúil athbhreithnithe de €1,602 milliún, lena n-áirítear meastachán forlíontach de €59 milliún. Roinntear an t-iarmhéid de €7m idir iarmhéid géillte de €3.4m, a cuireadh ar ais chuig an Státchiste Lárnach, agus caiteachas caipitil iarchurtha de €3.6m, a tugadh anonn go 2019 chun gealltanais caipitil a chomhlíonadh.

	Buiséad Bunaidh €m	Meastach-án Forlíontach €m	Buiséad Leasaithe €m	Toradh Sealadach €m	Athrú €m
Pá móide Ragobair	1,081	46	1,127	1,120	-7
Aoisliúntas	341	-2	339	337	-2
Caiteachas Reatha Neamh-Phá	168	32	200	206	6
Caiteachas Caipitil	61		61	58	-3
Oil-Iomlán	1,651	76	1,727	1,721	-6
Lúide Leithreasáí i gCabhair	108	17	125	126	1
Glan-Iomlán	1,543	59	1,602	1,595	-7

Tá an caipiteal iarchurtha eisiata ó fhigiúirí an bhuiséid agus na torthaí.

Bainistíocht Fuinnimh



€23.9m

iomlán an choigilt ar chostas fuinnimh ó 2009



25.4%

coigilt le laghdú de 4 mhilliún KWH in 2018

Ba í an fhoireann bainistíochta fuinnimh buaiteoir Thionscadal Soláthar Glas na Bliana agus an Barr Feabhais Foriomlán i Soláthar ag na Gradaim Soláthair Náisiúnta 2018. Bronnadh Gradaim um Bainistiú Saoráidí 2018 mar bhuaiteoir sa chomórtas ceannais Bharr Feabhais in Inbhuanaitheacht agus Gradaim Ghlais san Eanáil Phoiblí.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

An Soláthar

I 2018, ar an iomlán, bhí:

- 23 tairiscintí ann a d'fhoilsigh An Garda Síochána (4 Iris AE agus 19 ríomhthairiscint).
- 36 Conarthaí bronnta (4 n-Iris AE agus 32 ríomhthairiscint).
- 14 Conarthaí ann ar bronnadh iad i ndiaidh mionchomórtais ó Chreat-Chomhaontuithe an OGP.
- 8 Gníomhartha Conartha curtha i gcrích ó Chreataí Soláthair Aonair OGP a bhí ann cheana féin.
- 14 Conarthaí curtha i bhfeidhm le tacaíocht ón OGP (d'fhoilsigh an OGP fógraí conartha agus fógra dámhachtana thar ceann an AGS).

Bainistíocht Eastáit

Stáisiúin na nGardaí ar Shráid Chaoimhín agus i nGaillimh

Críochnaíodh dhá stáisiún nua de chuid an Gharda Síochána ar Shráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath (Stáisiún Ceanncheathrú Rannáin) agus i nGaillimh (Ceanncheathrú Réigiúnach/Rannáin) in 2018.

Is nuachóiriú mór ar bhonneagar na nGardaí iad na tionscadail seo.

Ionad Oibríochtaí Slándála agus Coireachta an Gharda Síochána - Bóthar an Airm, Baile Átha Cliath

Deonaíodh cead pleanála i gCuid 9 i gcomhair Ionad Oibríochtaí Slándála agus Coireachta, atá suite ar Bhóthar Míleata, Baile Átha Cliath i mí Lúnasa 2018. Tíocfaidh saoráid an Bhóthair Mhíleata in áit shaoráid an Gharda Síochána i gCearnóg Fhearchair agus glacfaidh sé le roinnt Aonad / Bureaus Garda ó na brainsí Oibríochtaí Speisialta Coireachta agus Slándála agus Faisnéise. Cuirfear tús le tógáil choimpléasc an Bhóthair Mhíleata in 2019.

Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach Clár an Gharda Síochána

Rinneadh forbairt ar thrí stáisiún nua de chuid an Gharda Síochána trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí in 2018 agus rinneadh láithreáin a dhaingniú le haghaidh trí stáisiún nua Gardaí i Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann agus Sligeach.

Tiomantas an Chláir don Rialtas chun sé stáisiún Garda a athoscailt ar bhonn píolótach

Tá an clár chun sé stáisiún Gardaí a athoscailt ar bhonn píolótach curtha ar aghaidh go mór in 2018. D'osclaíodh Stáisiún Gharda Dhún Ard i gCill Mhantáin i mí na Nollag 2018 agus tá sé beartaithe go n-osclófar an Stáisiún Gharda i mBéal Átha an Spidéil, an Rois, na Céime, an Bhábháin Bhuí agus Bhaile an Droichid i 2019.

Tionscadail Stáisiúin na nGardaí

In 2018, críochnaíodh athchóiriú suntasach ar na Stáisiúin Gharda i dTrá Lí, i Sráid Anraí (Luimneach) agus i mbéal Átha na Sluaighe. Cuireadh tús le forbairt stáisiún nua Garda agus Áis Inimisce ag Transaer House in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus dáta críochnaithe i R1, 2019.

Cuireadh tús le hoibreacha chun stáisiún nua Gardaí a sholáthar ag Gleann Maghair i gCo. Chorcaí in 2018, le dáta críochnaithe in 2019. Cuireadh tús le tionscadal athchóirithe mór Stáisiún na nGardaí i mBaile Átha Luain in 2018, agus dáta críochnaithe de 2019. Cuireadh tús le hathchóiriú mór Stáisiún Gardaí Sráid Mhic Giobúin, Baile Átha Cliath in 2018. Meastar go gcríochnófar na hoibreacha seo in 2020. Cuireadh tús le hobair chun an acmhainn chóiríochta a mhéadú ag Geata an Ásaigh, Baile Átha Cliath 7 agus Ceanncheathrú an Gharda in 2018. Críochnófar na hoibreacha seo i R1, 2019.

Chruthaigh cinneadh an Rialtais chun lucht saothair an Gharda a mhéadú go 21,000 faoi 2021 brúnna cóiríochta cheana féin maidir le cumas phunann eastáit an Gharda Síochána chun freastal ar líon breise chomhaltáí agus fhoireann an Gharda. De réir mar a mhéadaíonn na huimhreacha, beidh an brú níos déine, ag cur san áireamh an t-am fada atá i gceist le cóiríocht bhreise a sholáthar.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean


Bainistiú Flít

I rith 2018, fuair an Garda Síochána 301 feithicil ar leithdháileadh iad agus díchoimisiúnaíodh 315 feithicil mar gheall ar dheireadh a theacht lena saolré nó toisc nárbh fhiú é iad a dheisiú.

Sonraí Flít 2018

	Carranna	Veaineanna	Gluaisrothair	4x4anna	Eile	Iomlán
Leithdháiltí Feithicle 2018	152	77	12	21	39	301
Feithicilí Díchoimisiúnaithe 2018	237	46	8	14	10	315
Flít an Gharda Síochána amhail an 31/12/2018	1893	490	129	106	147	2765

Méid an Flít 2004/2018: Neart an Flít 2004 - 2018 + 37.5%



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Leibhéal Foirne amhail an 31 Nollaig 2018

Amhail an 31 Nollaig 2018

Comhaltaí	14,032
Foireann an Gharda Síochána	2,429.4 (coibhéis ama oibre)
Cúltaca	528

An Earcaíocht Foirne sa Gharda Síochána 2018

Le linn 2018, leanadh ar aghaidh obair leis an obair um earcaíocht foirne sa Gharda Síochána chun an sprioc maidir leis an soláthar foirne sa Gharda Síochána a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gcinneadh an Rialtais mí Iúil 2016.

Díríodh go mór ar fhoireann na nGardaí a shannadh in oifigí chun éascú le comhaltaí de chuid an Gharda Síochána a bheith scaoilte saor chun freastal ar dhualgais oibríocháin líne tosaigh. Mar gheall ar an bpróiseas seo, d'fhill os cionn 250 ball de chuid an Gharda Síochána ar dhualgais oibríocháin in 2018.

Earcaíodh foireann an Gharda Síochána in 2018 de réir gráid

Ról	Líon a Earcaíodh
CO	255
EO	88
HEO	22
AP	10
PO	4
Eile	16
Iomlán	395

Rannóg Asláithreachta Fhoireann an Gharda Síochána

Saoire Bhreiteachta - Comhaltaí an Gharda Síochána

